



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

Tuarascáil Bhliantúil 2018



Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Phóilíneachta 2018
De réir Alt 62O(1) d’Acht an Gharda Síochána, 2005 (arna leasú) agus i gcomhlíonadh an Chóid
Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Clár Ábhar

| | |
|---|----|
| Brollach leis an gCathaoirleach..... | 3 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mBliain | 5 |
| 1. An Obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta | 7 |
| 2. Dul chun cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha..... | 9 |
| 3. Rialachas agus Struchtúr..... | 14 |
| 4. Faisnéis Airgeadais..... | 23 |
| Aguisín 1 – Stádas Thosaíochtaí Corparáideacha 2018 an 31 Nollaig 2018 | 25 |
| Aguisín 2 – Athbhreithniú ar 2018..... | 32 |
| Aguisín 3 – Staitisticí Iomaíochta do Cheapacháin shinsearacha sa Gharda Síochána in 2018 | 33 |
| Aguisín 4 – Tuarascáil Airgeadais Achomair 2018 | 35 |
| Aguisín 5 – Struchtúr Eagraíochta | 36 |
| Aguisín 6 – Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach | 37 |
| Aguisín 7 – Úsáid Fuinnimh in 2018..... | 39 |

Ár bhFís

Is é atá mar **fhís** againn go mbeadh eagraíocht póilíneachta ann atá gairmiúil agus neamhchlaonta le freastal ar an tsochaí, eagraíocht a bhíonn ag feabhsú i gcónaí agus a bhfuil muinín ag an bpobal aisti agus a dtacaíonn an pobal léi.

“...comhlacht ar a dtabharfar an tÚdarás Póilíneachta nó an Policing Authority i mBéarla, chun críocha maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána agus ar na feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta”

Reachtaíocht Bhunaithe an Údaráis Póilíneachta

Brollach leis an gCathaoirleach

Is deas liom an tríú tuarascáil bhliantúil de chuid an Údaráis Póilíneachta a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais don bhliain 2018.

Ba bhliain shuntasach 2018 i mbeatha an Údaráis ar go leor cúiseanna. Tháinig borradh ar thaithí agus muinín an Údaráis agus a fhoirne feidhmiúcháin i ndiaidh gur thug sé faoina bhunfeidhmeanna maoirseachta go léir den tríú huair. Baineadh cóir a bheith gach ceann dár dtosaíochtaí corparáideacha amach. Tionóladh 15 chruinniú den Údarás agus tionóladh cúig cinn díobh siúd go poiblí. Idir cruinnithe iomlánacha agus Coiste, rinneadh 32 idirchaidreamh foirmiúil ar leibhéal an Údaráis leis an nGarda Síochána ina ndearnadh gnéithe d’fheidhmíocht an Gharda Síochána a scrúdú agus a mheas.

Tháinig forbairt agus doimhniú ar mheasúnú agus fianaise a sholáthar i leith ár measúnaithe ar fheidhmíocht an Gharda Síochána. Chuireamar cruinneas agus fianaise lenár saintréithe maoirseachta, is é sin, trédhearcacht agus diongbháilteacht. Ina leith seo, leagamar amach mar thosaíocht é in 2018 chun ár n-idirchaidreamh le grúpaí sochaí sibhialta agus Comhchoistí Póilíneachta a dhoimhniú.

Go suntasach, faoi dheireadh 2018, rinne an tÚdarás gach ceann dá fheidhmeanna reachtúil a fheidhmiú nó a scrúdú. I measc na ngnéithe suntasacha in 2018, dar liom féin, bhí an t-athbhreithniú a rinneadh ar imscrúduithe ar dhúnbhású, mar gheall ar an ngá ata le diongbháilteacht; an tlniúchadh ar Chultúr an Gharda Síochána, mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis i dtaobh glór an Gharda Síochána agus caighdeán an idirchaidrimh ag an nGarda Síochána leis an Údarás a chur ar aird maidir le gnéithe den Chlár Athstíúrtha Ógánach. Tá an obair seo maidir le gnéithe den Chlár Athstíúrtha Ógánach ar siúl go fóill in 2019, agus cuireadh tús leis le cruinniú speisialta breise a tionóladh go poiblí in Eanáir le trédhearcacht a chruthú i dtréimhse an-chorraithe d’fheidhmíocht easnamhach an Gharda Síochána.

Chuireamar trí thuarascáil faoi bhráid an Aire, ar a iarraidh, ina ndéantar measúnú ar dhul chun cinn Athchóiriú an Gharda Síochána agus thugamar isteach den chéad uair coincheap na dtuarascálacha débhlantúla ina leagtar amach an measúnú a rinne an tÚdarás ar fheidhmíocht phóilíneachta. Tá an dara tuarascáil don bhliain 2018 díreach críochnaithe.

Stair a dhéanamh

Is iomaí “chéad eachtra” a thit amach san Údarás i rith na dtrí bliana atá sé ar an bhfód. Ba é an eachtra ba thábhachtaí an obair a rinne an tÚdarás ar ainmnigh comhlacht neamhspleách duine den chéad uair atá le ceapadh ag an Rialtas mar Choimisinéir an Gharda Síochána dá bharr. Nuair a bhí an tÚdarás ag tabhairt faoin tasc seo, bhí sé an-eolach ar na freagrachtaí reachtúla a leagann an tOireachtas air agus ar ról iarmharach teoranta an Rialtais. Thugamar faoi phróiseas forleathan leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do ghairmiúlacht na foirne earcaíochta sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Ráiteas Straitéise 2016-2018

Anuas ar bheith mar ár dtuarascáil bhliantúil, cuirtear i gcrích sa tuarascáil seo chéad Ráiteas Straitéise an Údaráis. Nuair a chuirtear san áireamh go rabhamar ag tabhairt faoi aistear, de chineál, chun sprioc nach raibh soiléir a bhaint amach, ba léir go raibh an Straitéis an-daingean agus an-oiriúnach dá tasc, agus is deas liom

fianaise a leagan amach sa tuarascáil seo i leith feidhmíocht thréan agus gur baineadh amach cuspóirí straitéiseacha an Údaráis.

Binse Nochta

Ní féidir machnamh a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le póilíneacht in 2018 gan Tríú Tuarascáil Eatramhach an Bhinse Nochta a thabhairt chun suntais. Faoi mar a rinneadh i mBinsí agus Coimisiúin eile Imscrúdúcháin, thug obair an Bhreithimh Onóraigh Charleton gnéithe d'fheidhmíocht an Gharda Síochána chun solais nár chruthaigh íomhá dhearfach den eagraíocht. Chuir an tÚdarás fáilte roimh a mholtaí agus, ach go háirithe, an spreagadh a thug sé maidir le hoibleagáidí Gardaí agus ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun iad a mholadh do gach duine atá bainteach le feidhmíocht an Gharda Síochána.

Ag Féachaint chun Cinn - Clár Athchóirithe Póilíneachta an Rialtais


Bhí 2018 ina dhíol suntais, chomh maith, mar gheall ar Thuarascáil an Choimisiúin ar an bPóilíneacht Amach Anseo in Éirinn agus i ndiaidh gur fhógair Rialtas clár athchóirithe póilíneachta. Rinne an tÚdarás aighneacht fhorleathan leis an gCoimisiún agus ba dheas leis a thabhairt faoi deara go ndeachthas i ngleic sa tuarascáil deiridh le go leor de na ceisteanna a thugamar chun solais. Cuimsíodh moltaí sa tuarascáil ar féidir leo fíorathrú ó bhonn a dhéanamh má chothaítear go hiomlán iad, agus beidh seirbhís phóilíneachta mar thoradh orthu don phobal.

Bhain luas agus cáilíocht an chuir i bhfeidhm d'iarchláir athchóirithe an Gharda Síochána. Cuirimid fáilte roimh an díriú láidir ar sholáthar an babhta seo agus chuireamar taithí agus cúnamh an Údaráis ar tairiscint don Ghrúpa nua um Chur i bhFeidhm um Athchóiriú na Póilíneachta.

Bheadh sé mí-ionraic mura dtabharfainn chun cuimhne gur leag an tÚdarás na buarthaí a bhí air in 2018 go gcuimsítear sna tograí athchóirithe rioscaí áirithe, an riosca go mbainfear den mhaoirseacht chumasaithe, neamhspleách, sheachtrach ina measc - lenar sheas an cinneadh chun an tÚdarás a bhunú. Tá na buarthaí seo orainn go fóill. Oibreoidh an tÚdarás le Roinn an Aire fad a fhorbraíonn sé reachtaíocht nua a bheartaítear agus leanfaidh sé lena fhreagracht reachtúil a fheidhmiú le comhairle a chur air.

I dturas an ama, d'fhoilsíomar ár Ráiteas Straitéise 2019-2021 le déanaí, sheolamar sparánacht acadúil, d'fhoilsíomar tosaíochtaí don bhliain 2019 agus cuirfimid tús go luath le próiseas chun Ceannfoirt Gharda a roghnú. Chuireamar fáilte roimh beirt chomhaltaí nua. Ábhar spreagtha dúinn an Ráiteas Straitéise agus na Pleananna Póilíneachta a cuireadh faoinár mbráid le déanaí atá le faomhadh ag an Coimisinéir Harris, agus an obair atá tugtha faoi deara againn ar leibhéal Réigiúnach agus Rannáin agus go bhfuil an dealramh air go bhfuil creat feidhmíochta á bhunú de réir a chéile sa Gharda Síochána.

In 2019, leanfaimid ag cur le héachtaí daingne ár gcéad trí bliana maidir le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána, agus an measúnú sin a dhéanamh go poiblí, chomh maith. Faoi mar a dhéantar de shíor, tá tacaíocht agus tiomantas den chéad scoth á thabhairt agus á léiriú ag mo chomhghleacaithe san Údarás agus is amhlaidh atá tiomantas agus táirgiúlacht fhoireann feidhmiúcháin an Údaráis. Táimid cinnte dearfa go bhfuil difear á dhéanamh ag ár láithreach, agus go leanfaidh sé le hamhlaidh a dhéanamh, i gcáilíocht na póilíneachta agus i dtaobh muinín a chruthú as póilíneacht do mhuintir na hÉireann.



Josephine Feehily
Cathaoirleach
28 Márta 2019

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mBliaín

In 2018, leanamar lenár ngníomhaíochtaí a fhairsingiú de réir eolas agus saeolas méadaitheach ár bhfoirne agus é mar chuspóir na cuspóirí a bhaint amach sa tríú bliain agus sa bhliain deiridh dár Ráiteas Straitéise.

Bhí maoirseacht ar chur i bhfeidhm Phlean Póilíneachta 2019 an Gharda Síochána i gcroílár obair mhaoirseachta an Údaráis i gcónaí. Leanamar ag tacú leis an obair seo trí chruinnithe agus cuairteanna a thabhairt ar an láthair le bheith mar fhinné nuair a bhíonn tuarascálacha an Údaráis á gcur faoi bhráid an Aire ar chur i bhfeidhm athchóirí an Gharda Síochána agus, den chéad uair, foilsíodh tuarascálacha débhlíantúla ar fheidhmíocht in aghaidh Phlean Póilíneachta 2018. Lorgaíomar, ach go háirithe, chun ár n-idirchaidreamh le príomhpháirtithe leasmhara agus Comhchoistí Póilíneachta a dhoimhniú agus thosaíomar lenár n-acmhainn taighde a fhorbairt. Tugadh aird nach beag, chomh maith leis sin, ar ullmhúcháin do Choimisinéir nua an Gharda Síochána a roghnú agus a ainmniú don Rialtas. Leanamar lenár n-acmhainn féin a fhorbairt lena chinntiú gur comhlíonadh ceanglais reachtúla agus eile, maidir leis an RGCS, ach go háirithe.

Ag oibriú as lámh an Údaráis agus Comhaltaí Coiste, is deas liom a thabhairt le fios go bhfuil sár-dhul chun cinn déanta ag an bhfoireann Feidhmiúcháin chun tacú le hobair an Údaráis agus chun trí chlár oibre uailmhianacha a bhaint amach a leagtar amach inár dTosaíochtaí Corparáideacha 2018.

Sracfhéachaint ar 2018

- cuireadh 15 chruinniú den Údarás (11 chruinniú sceidealaithe agus 4 gcruinniú breise) agus 29 cruinniú Coiste ar bun i rith na bliana;
- rinneadh 5 chruinniú Údaráis ar siúl go poiblí agus imeacht Iniúchta Chultúr an Gharda Síochána amháin a shruthú go beo;
- As na 55 táscaire feidhmíochta i dTosaíochtaí Corparáideacha 2018 an Údaráis, a thaispeántar Aguisín 1, baineadh 43 ceann amach; as an dá cheann déag a bhí fanta, ní raibh smacht ag an Údarás ar thrí cinn. Tugadh dhá cheann chun críche idir an dá linn agus tagann dhá cheann díobh siúd a tugadh anonn le críochnú in 2019 chun solais i ngeall ar chinneadh a rinneadh chun síneadh a chur leis an tréimhse ama atá ar fáil do Choimisinéir nua an Gharda Síochána chun a Straitéis agus Plean Póilíneachta nua a ullmhú;
- Cuireadh 2 iomaíocht roghnaithe ar bun agus bunaíodh painéil do chéim an Ard-Cheannfoirt agus an Cheannfoirt agus rinneadh 42 ceapachán, ar an iomlán, leis na céimeanna sinsearacha agus le poist shibhialtacha shinsearacha;
- Rinneadh measúnú agus léiriú ar dhul chun cinn ag an nGarda Síochána i dtaobh mholtaí Phlean Póilíneachta 2018 agus thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm, 'An Phóilíneacht in Éirinn a Athrú'.
- Tacaíodh leis an maoirseacht a rinne an tÚdarás ar athbhreithnithe a rinne an Garda Síochána ar dhúnbhású agus atreoruithe faoin gClár Athstíúrtha Óige;
- Rinneadh monatóireacht ar an gcód Eitice sa Gharda Síochána a leabú;
- Rinneadh aighneachtaí a bhreithniú agus a chur faoi bhráid an Aire maidir le tuarascáil an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta; agus
- I dtionscnamh nua d'fhoilsíomar ár nAthbhreithniú físghrafaic ar 2018 go luath in Eanáir 2018, a chuimsítear ag Aguisín 2, ina dtugtar léargas ginearálta ar ár n-éachtaí sa bhliain.

Faoi mar is léir ón tuarascáil seo, lean an tÚdarás le bheith bheith meáite agus le go leor a bhaint amach agus níorbh fhéidir seo a dhéanamh murach tiomantas, dúthracht agus gairmiúlacht chomhaltaí an Údaráis agus na foirne Feidhmiúcháin. Anuas air sin, thug an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus gníomhaireachtaí eile sa chóras dlí

choiriúil tacaíocht dúinn, agus táim an-bhuíoch den mhéid seo. Táim ag tnúth le dul chun cinn breise a dhéanamh i dtreo bhaint amach chuspóirí an Údaráis in 2019 agus ina dhiaidh sin.



Helen Hall
Príomhfheidhmeannach
28 Márta 2019

1. An Obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta

Is gníomhaireacht neamhspleách é an tÚdarás Póilíneachta a bunaíodh an 1 Eanáir 2016. Is é an príomhról atá aige maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fheidhmeanna an Gharda Síochána mar a bhaineann le seirbhísí póilíneachta.

Bunaíodh an tÚdarás trí achtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 a dhéanann leasú ar Acht an Gharda Síochána 2005. Déanann an tAcht foráil do raon leathan feidhmeanna don Údarás, roinnt acu a bhí mar fhreagracht ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais roimhe seo. Tá an réimse iomlán feidhmeanna ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis Póilíneachta:


- Tosaíochtaí agus spriocanna feidhmíochta a leagan síos don Gharda Síochána;
- Feidhmiú fheidhmeanna an Gharda Síochána a choinneáil faoi athbhreithniú;
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar bhearta a dtugann an Garda Síochána fúthu maidir leis na moltaí a bhí i dtuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána;
- Daoine a ainmniú lena gceapadh ag an Rialtas i bpost Choimisinéir an Gharda Síochána agus i bpost Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána, tar éis próiseas roghnaithe arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí;
- Tabhairt faoi chomórtais roghnúcháin le daoine a cheapadh chuig céim Choimisinéara Chúnata, Ard-Cheannfoirt agus Cheannfoirt sa Gharda Síochána;
- Coimisinéirí Cúnata, Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt a cheapadh i gcéimeanna agus i ngráid sinsearacha áirithe sa Gharda Síochána agus iad a chur as oifig;
- Eolas agus comhairle a chur ar fáil don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais; agus
- Prionsabail phóilíneachta agus feasacht an phobail ar ábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a chur chun cinn agus feabhas leanúnach na póilíneachta sa Stát a chur chun cinn.

Cé go bhfuil an tÚdarás freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta, faoi alt 26(3) d'Acht an Gharda Síochána 2005, tá Coimisinéir an Gharda Síochána freagrach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le feidhmíocht fheidhmeanna an Choimisinéara agus fheidhmeanna an Gharda Síochána.

Ár Misean

Is é **ár misean** obair phóilíneachta den scoth a chur chun cinn trí mhaoirseacht agus rialachas atá éifeachtach agus a bhfuil meas orthu.

Tá ár luachanna tábhachtach dúinn. Is *léiriú* iad ar ár gcultúr agus ar ár n-aitheantas agus tugann siad treoir dúinn chun nithe a bhaint amach.



Na luachanna atá againn

2. Dul chun cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha

Cuireadh Ráiteas Straitéise an Údaráis Póilíneachta 2016-2018 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 14 Iúil 2016 agus cuireadh faoi bhráid an Oireachtais ina dhiaidh sin é. Leagtar amach ann cuspóirí straitéiseacha, príomhghníomhaíochtaí agus táscairí feidhmíochta an Údaráis ar feadh na tréimhse trí bliana. Tá an dul chun cinn maidir le baint amach na gcuspóirí seo leagtha amach sa chaibidil seo.

Toradh Inmhianaithe 1 - Feabhas leanúnach ar phóilíneacht in Éirinn agus úsáid a bhaint as acmhainní poiblí an Gharda Síochána ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil

| Cuspóirí | Éachtaí in 2018 |
|---|---|
| <p>Creat tomhais feidhmíochta agus cuntasachta atá éifeachtach curtha i bhfeidhm don Gharda Síochána</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Tá idirchaidreamh leanúnach ar bun leis an nGarda Síochána maidir le feidhmíocht, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> ▪ maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh Phlean Póilíneachta 2018 ar bhonn míosúil; ▪ tionóladh seacht gcruinniú den Choiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta; ▪ foilsíodh i Lúnasa 2018 Measúnú Lár na Bliana ar Fheidhmíocht Póilíneachta; agus ▪ tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána leis an Údarás. • Dhréachtaigh an tÚdarás Tosaíochtaí Póilíneachta don bhliain 2019 i ndiaidh próiseas comhairliúcháin le réimse fairsing páirtithe leasmhara. Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin le Coimisinéir an Gharda Síochána i Samhain 2018. • Idirchaidreamh le réimse páirtithe leasmhara le heolas a sholáthar don mheasúnú a bhí á dhéanamh ag an Údarás ar fheidhmíocht an Gharda Síochána. • Chuir an tÚdarás cruinnithe téamúla ar bun maidir le Leanaí agus Éagsúlacht agus Cuimsiú, ina measc. |
| <p>Nuachóiriú agus feabhsú córasach an Gharda Síochána.</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thuairisciú míosúil ar an dul chun cinn a baineadh amach maidir le tionscadail faoi Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana an Gharda Síochána ('an CNA') agus i gCaibidil Forbartha Eagraíochta agus Feabhsaithe Acmhainneachta Phlean Póilíneachta 2018. • Cuireadh sé chruinniú de Choiste Forbartha Eagraíochta an Údaráis ar bun, ina ndeachthas i ngleic le príomhthéamaí chomhdhéanamh an lucht saothair, nuachóiriú an lucht saothair, acmhainní an Gharda Síochána a imlonnú, bainistíocht feidhmíochta agus seirbhísí d'íospartaigh; • Rinneadh dhá thuarascáil a chríochnú don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar dhul chun cinn a rinne an nGarda Síochána i dtaobh na moltaí a chur i bhfeidhm in 'An Phóilíneacht in Éirinn a Athrú' agus dul i ngleic leis an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ▪ bacainní agus dúshláin atá roimh chur i bhfeidhm; agus ▪ éachtaí i limistéir thosaíochta forbartha eagraíochta, acmhainní daonna agus TFC; |

| Cuspóirí | Éachtaí in 2018 |
|--|--|
| | <ul style="list-style-type: none"> • Tabhairt faoi chuartheanna ar láithreáin i réigiúin, ranna agus ceantair agus sainaonaid an Gharda Síochána chun dul chun cinn a thabhairt faoi deara agus measúnú a dhéanamh ar thionchar thionscadail an CNA; • Scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le hearcaíocht, ról agus úsáid éifeachtach a bhaint as Cúltaca an Gharda Síochána trí idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGarda Síochána agus dhá chruinniú a thionól le comhaltaí an Chúltaca; • Glacadh páirt sa Chomhghrúpa Oibre um Acmhainní an Gharda Síochána. |
| Socruithe agus struchtúir dea-rialachais laistigh den Gharda Síochána. | <ul style="list-style-type: none"> • Aighneacht curtha faoi bhráid an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn in Eanáir 2018; • Aighneacht curtha faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar thuarascáil an Choimisinéara um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn i nDeireadh Fómhair 2018; • Tugadh cáipéis phlé chun críche i Márta 2018 de bhreis ar athbhreithniú a coimisiúnaíodh ar cheisteanna áirithe rialachais sa Gharda Síochána agus tugtha do Choimisinéir an Gharda Síochána agus don Choimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta mar bhonn ar a ndéanfar breis breithniú ar struchtúir agus socruithe rialachais; |

Toradh Inmhianaithe 2 - Cultúr ardfheidhmíochta agus luachanna eiticiúla atá láidir ar fud an Gharda Síochána

| Cuspóirí | Éachtaí in 2018 |
|---|---|
| Cód Eitice an Gharda Síochána a bhunú ina gcuimsítear (a) caighdeáin iompair agus chleachtas do chomhaltaí; agus (b) forálacha le héagóir a thabhairt le fios i measc chomhaltaí agus fhoireann an Gharda Síochána a spreagadh agus a éascú | <ul style="list-style-type: none"> • Lean Cód Eitice an Údaráis le hidirchaidreamh a dhéanamh le bainistíocht an Gharda Síochána maidir leis an gCód Eitice a thabhairt isteach agus a leabú, agus chuir comhaltaí agus foireann an Gharda Síochána oiliúint i gcrích, chomh maith, agus shínigh siad an dearbhú go gcloífidh siad leis an gCód. • Ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh, déanfaidh gach comhalta nua den Gharda Síochána síniú leis an gCód Eitice mar chuid dá bhfianú, agus in 2018, rinne gach comhalta den Gharda Síochána a dtiomantas don Chód Eitice a athdhearbhú. |
| Córas ceapacháin atá dea-bhunaithe agus atá ag feidhmiú go hiomlán d'fhoireann go léir an Gharda Síochána a thagann laistigh de | <ul style="list-style-type: none"> • Tugadh faoi lomaíocht Roghnaithe agus bunaíodh painéil iarrthóirí lena gceapadh le céim an Cheannfoirt (Iúil 2018) agus an Ard-Cheannfoirt (Samhain 2018); • Ceapadh 33 iarrthóir, ar an iomlán, leis na céimeanna sinsearacha (1 Choimisinéir Chúnta, 7 nArd-Cheannfort agus 25 Ceannfort) i rith 2018; |

| Cuspóirí | Éachtaí in 2018 |
|---|---|
| théarmaí tagartha ceapacháin an Údaráis | <ul style="list-style-type: none"> • Próiseáladh iarrataí ar ghráid agus líonta foirne sibhialtacha ar gach leibhéal sa Gharda Síochána agus faomhadh 126 comhalta foirne den Gharda Síochána, ar an iomlán. Ar an iomlán, ceapadh 9 nduine le gráid foirne shibhialtacha sinsearacha sa Gharda Síochána (1 Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach agus 8 bPríomhoifigeach); • Rinneadh grúpa oibre ilghníomhaireachta a chomhordú le maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil lucht saothair a fhorbairt agus sibhialtachú/ath-implonnú Gardaí chuig dualgais túslíne agus rinneadh idirchaidreamh leis an nGarda Síochána maidir le dul chun cinn ar na tionscnaimh seo; • Rinneadh idirchaidreamh leis Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i dtaca le hiomaíocht roghnúcháin chun post Choimisinéir an Gharda Síochána a líonadh agus ainmníodh iarrthóir leis an Rialtas lena cheapadh leis an bpost den chéad uair. |
| Socruithe le haghaidh earcaíochta, oiliúna agus forbartha do chomhaltaí an Gharda Síochána agus d'fhoireann an Gharda Síochána a choinneáil faoi athbhreithniú | <ul style="list-style-type: none"> • Rinneadh athbhreithniú ar shonraí faoi oiliúint sa Gharda Síochána agus cuireadh achoimre ar a thátail agus a mholtaí san áireamh ina aighneacht leis an gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta; • Tugadh faoi athbhreithniú ar oiliúint Tiománaithe an Gharda Síochána agus rinneadh scrúdú ar an gceist ag cruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána go poiblí; • Rinneadh modúl a sholáthar ar ról maoirseachta an Údaráis mar chuid den chlár oiliúna do phromhóirí Chéim III an Gharda Síochána. • Labhraíodh le rannpháirtithe i gclár forbartha Cheannfort agus Phríomhoifigeach Cúnta an Gharda Síochána maidir le ról maoirseachta an Údaráis. |

Toradh inmhianaithe 3 – Feasacht agus rannpháirtíocht pobail láidir maidir le ceisteanna póilíneachta

| Cuspóirí | Éachtaí in 2018 |
|---|---|
| Caidreamh oibre éifeachtach a bheith le príomhpháirtithe leasmhara | <ul style="list-style-type: none"> • Straitéis Cumarsáide don Údarás curtha i bhfeidhm; • Rinneadh idirchaidreamh leis na príomhpháirtithe leasmhara, leis an bpobal trí chruinnithe poiblí, imeachtaí eile, comhairliúcháin agus rannpháirtíocht eile; • Cuireadh eolas ar fáil ar obair an Údaráis trí rannpháirtíocht bharrfheabhsaithe le páirtithe leasmhara neamhrechtúla in 2018, líon agus éagsúlacht ní ba mhó eagraíochtaí ina measc; • Rannpháirtíocht chuiditheach leanúnach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus le Cigireacht an Gharda Síochána; • Raon ábhair foilsithe ar láithreán gréasáin an Údaráis d'fhonn trédhearcacht a sholáthar ar obair an Údaráis do pháirtithe leasmhara agus don phobal; |

| Cuspóirí | Éachtaí in 2018 |
|--|---|
| | <ul style="list-style-type: none"> Rannpháirtíocht a dhéanamh le Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus le hÚdarás Póilíneachta na hAlban. Rinneadh idirchaidreamh le comhlachtaí idirnáisiúnta póilíneachta agus ceartais choiriúil. |
| <p>Bíonn pobail rannpháirteach go gníomhach leis an nGarda Síochána trína Chomhchoistí Póilíneachta ar bhealach a dhéanann cosc ar choireacht a éascú agus a chuireann feabhas ar shábháilteacht agus ar an gcaighdeán saoil do shaoránaigh</p> | <ul style="list-style-type: none"> Freastalaíodh ar chruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta i ngach ceann de na 27 ceantar Údaráis Áitiúil; Cuireadh tríú himeacht comhairliúcháin bliantúil an Údaráis ar siúl in Iúil 2018 le Cathaoirligh Chomhchoistí Póilíneachta, Príomhfheidhmeannaigh Údaráis Áitiúil, agus ionadaithe ón nGarda Síochána. Chun plé a dhéanamh ar cheisteanna díol spéise, Tosaíochtaí Póilíneachta 2018 a fhorbairt ina measc; agus Freastalaíodh ar chruinniú maidir le Pobal Póilínithe agus Comhpháirtíocht Sábháilteachta i dTuaisceart Éireann mar bhreathnóirí |
| <p>Feasacht an phobail ar cheisteanna póilíneachta a fheabhsú</p> | <ul style="list-style-type: none"> Reáchtáladh cúig chruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána go poiblí agus rinneadh cruinnithe a shruthú go beo agus bhí taifeadtaí ar fáil le hamharc orthu ar líne; Cuireadh imeacht plé ar bun maidir le torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a sruthaíodh beo agus ar cuireadh taifeadadh de ar fáil le hamharc air ar líne; Rinneadh comhairliúchán poiblí a chur ar siúl ar Thosaíochtaí Póilíneachta 2019; Foilsíodh cáipéisí, cláir oibre, miontuairiscí cruinnithe, tuarascálacha agus cáipéisí eile an Údaráis ar láithreán gréasáin an Údaráis; agus Eolas curtha ar fáil don phobal trí rannpháirtíocht leis na meáin, lena n-áirítear trí phreasagallaimh agus ráitis, agallaimh agus freagairtí tráthúla ar cheisteanna. |

Toradh inmhianaithe 4 - Dhírigh an tÚdarás, mar eagraíocht lena mbaineann ardfheidhmíocht, nuálaíocht, freagracht agus eagraíocht a bhfuil meas uirthi, ar a fhís agus ar a mhisean

| Cuspóirí | Éachtaí in 2018 |
|--|---|
| <p>A bheith mar eagraíocht éifeachtach ina bhfuil cultúr ardfheidhmíochta</p> | <ul style="list-style-type: none"> Leanadh le forbairt a dhéanamh ar chumas acmhainní daonna na heagraíochta trí earcaíocht, forbairt agus bainistíocht feidhmíochta a dhéanamh ar an bhfoireann a bhfuil an taithí, scileanna agus an t-eolas cuí acu; Leanadh le rialachas an Údaráis a athbhreithniú agus rinneadh cáipéisí agus nósanna imeachta an Údaráis a nuashonrú, faoi mar ba chúí. Cuireadh beartas agus córais cuimsitheach Bainistíochta Riosca i bhfeidhm; |

| Cuspóirí | Éachtaí in 2018 |
|---|---|
| | <ul style="list-style-type: none"> • Leanadh le hobair Choistí a chur chun cinn agus tacaíodh leis i gcaitheamh na bliana bunaithe ar Théarmaí Tagartha nuashonraithe do gach Coiste. • Forbraíodh láithreán gréasáin nua an Údaráis Phóilíneachta agus seoladh é go luath in 2019; • Cuireadh Tosaíochtaí Corparáideacha agus pleananna gnó dúshlánacha i bhfeidhm don bhliain agus soláthraíodh iad den chuid ba mhó (féach Aguisín 1) anuas ar chlár tábhachtach tionscadal breise a tháinig chun solais i rith na bliana; • Tionóladh 15 chruinniú den Údarás. Tionóladh cúig cinn go poiblí, agus d'fhreastail go leor leor comhaltaí den Údarás orthu; • Leanadh le córais agus nósanna imeachta a fhorbairt ar mhaithe leis an Údarás a riar i gcaitheamh na bliana; • Tugadh dara Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Leithreasa an Údaráis chun críche i Márta 2018 agus bronnadh tuarascáil ghlan sheachtrach iniúchta ar an Údarás; • Cuireadh feabhas ar acmhainní taighde intí agus bainistíochta eolais agus cuireadh seirbhísí eolais agus taighde ar fáil i gcaitheamh na bliana chun tacú le hobair an Údaráis; • Bunaíodh leabharlann intí agus acmhainní gaolmhara faisnéise chun tacú leis an bhfeidhm thaighde. |
| <p>Tuarascálacha tráthúla agus cúí a chur ar fáil don Aire agus comhairle a thabhairt maidir le ceisteanna póilíneachta.</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh aighneachtaí agus comhairle faoi bhráid an Aire ar bhealach tráthúil agus chuathas i mbun gnímh ar iarrataí a rinne an tAire, an méid seo a leanas ina measc: <ul style="list-style-type: none"> • Rinneadh dhá thuarascáil a sheoladh ar aghaidh i Meitheamh agus Lúnasa 2018 ar dhul chun cinn a rinne an Garda Síochána i dtaobh Thuarascáil Chigireachta an Gharda Síochána, 'An Phóilíneacht in Éirinn a Athrú' a chur i bhfeidhm; • Seoladh tuarascálacha deiridh ar aghaidh: <ul style="list-style-type: none"> ▪ rinneadh moltaí thuarascáil Choimisiún Imscrúdúcháin Fennelly ar cheisteanna áirithe a bhaineann leis an nGarda Síochána a chur i bhfeidhm; agus ▪ Cuireadh moltaí Thuarascáil Eatramhach Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána maidir le nósanna imeachta airgeadais ag Coláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór i bhfeidhm; • Aighneacht seolta ar aghaidh ar Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn; • Cuireadh comhairle ar an Aire i dtaobh na n-acmhainní is dóchúil a bheidh ag teastáil ón nGarda Síochána chun tabhairt faoina fheidhmeanna i mbliain airgeadais 2019. |

I gcomhréir leis an Ráiteas Straitéise seo agus le hiarrataí breise a rinne tAire a chur san áireamh, leag an tÚdarás a Thosaíochtaí Corparáideacha amach don bhliain 2018 ag tús na bliana chun é a threorú chun tús áite a thabhairt dá obair in 2018. Leagtar amach stádas bhaint amach na dtosaíochtaí seo, chomh maith, ar mhaithe le faisnéis ag Aguisín 1.

3. Rialachas agus Struchtúr

1. Comhaltaí an Údaráis

Tá ballraíocht an Údaráis comhdhéanta de chathaoirleach agus d'ocht gnáthchomhaltaí. Faoin reachtaíocht, ceaptar comhaltaí an Údaráis ar feadh téarma 3 nó 4 bliana agus d'fhéadfaí iad a cheapadh arís ar feadh téarma eile faoi réir uasmhéid 8 mbliana. Bhí ocht gcomhalta den Údarás ann i rith 2018 mar gheall go ndeachaigh comhalta amháin den Údarás ar scor le héifeacht ón 28 Iúil 2017 chun glacadh le post ar an gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta agus níor ionadaíodh an comhalta sin i rith 2018. Críochnaíodh téarmaí triúr comhaltaí i Nollaig 2018 agus rinne an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais iad siúd a athcheapadh i Nollaig 2018.

Níl comhaltaí den Oireachtas ná de na hÚdaráis Áitiúla, comhaltaí den Gharda Síochána atá ag fónamh, an GSOC ná Cigireacht an Gharda Síochána i dteideal a bheith ina gcomhaltaí den Údarás.

Roghnaíodh Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis trí cheapachán Rialtais tar éis próisis roghnúcháin a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapachán Phoiblí. Bhí an Cathaoirleach fostaithe ar bhonn lánaimseartha a fhad le Meitheamh 2018 agus ar bhonn páirtaimseartha ina dhiaidh sin agus bhí na comhaltaí eile fostaithe ar bhunús tiomantais do 4-6 lá in aghaidh na míosa.

Tá Comhaltaí an Údaráis liostaithe i dTábla 1 chomh maith le heolas maidir lena dtéarma oifige, cruinnithe Údaráis ar freastalaíodh orthu le linn na bliana 2018 agus aon táillí agus costais a íocadh leo don bhliain 2018 a d'éascair ó fheidhmiú a gcuid dualgas.

| Tábla 1: Sonraí faoi Chomhaltaí an Údaráis | | | | | |
|--|------------|---|--|---------------------------------------|----------------|
| Comhalta an Údaráis | Éag téarma | Cruinnithe an Údaráis ar ar freastalaíodh | Coiste agus Cruinnithe Ionadaíochta ¹ | Táille Bhliantúil 2018 ² € | Costais 2018 € |
| Josephine Feehily (Cathaoirleach) | 31/12/2019 | 15 | 29 | 51,920 | 5,190 |
| Noel Brett ³ | 31/12/2019 | 13 | 7 | 9,493 | 2,149 |
| Bob Collins | 31/12/2019 | 15 | 19 | 14,963 | 0 |
| Pat Costello | 31/12/2018 | 15 | 13 | 14,963 | 0 |
| Judith Gillespie | 31/12/2019 | 14 | 17 | 14,963 | 2,408 |
| Valerie Judge | 31/12/2018 | 14 | 14 | 14,963 | 0 |
| Maureen Lynott | 31/12/2019 | 13 | 4 | 14,963 | 0 |
| Moling Ryan | 31/12/2018 | 14 | 14 | 14,963 | 0 |

¹ Cuireadh 29 cruinniú Coiste ar bun, ar an iomlán. Anuas air sin, d'fhreastail Comhaltaí agus rinne siad ionadaíocht don Údarás ag roinnt cruinnithe agus imeachtaí eile i gcaitheamh na bliana.

² D'fhaomh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na táillí a íocadh le Comhaltaí an Údaráis.

³ D'éirigh an tUasal Brett as an Údarás le héifeacht ón 18 Eanáir 2019.

2. Coistí an Údaráis

Bhí líon Coistí ag an Údarás sa bhliain 2018 le maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus le hobair an Údaráis maidir lena chuid tosaíochtaí reachtúla a chur chun cinn faoi Théarmaí Tagartha ina leagtar amach a gcuspóir, a threoraigh a gcuid oibre agus a leag amach mionsonraí maidir le hábhair a tarmligeadh ar an gCoiste le haghaidh cinnidh. Tá na Téarmaí Tagartha do gach aon Choiste agus a mhiontuairiscí faofa cruinnithe in 2018 foilsithe ar láithreán gréasáin an Údaráis Phóilíneachta.

Is buanmhír ar an gclár cruinnithe ag gach cruinniú de chuid an Údaráis iad nuashonruithe, mar a gcuireann Cathaoirleach gach aon Choiste nuashonrú ó bhéal ar fáil don Údarás maidir le hobair an Choiste. Cuirtear páipéir faoi bhráid ina leagtar amach ábhair le haghaidh chinneadh nó chead an Údaráis a eascraíonn ó obair na gCoistí, lena mbreithniú ag cruinnithe Údaráis.

Cuirtear acmhainní rúnaíochta ar fáil do gach Coiste, agus coinníonn Cathaoirleach an Choiste an Príomhfheidhmeannach ar an eolas maidir le haon obair a bhféadfadh tuilleadh acmhainní a bheith i gceist léi.

Bhí cúig choiste i bhfeidhm in 2018. Tá gach comhalta den Údarás ina gcomhaltaí de choiste amháin, ar a laghad, seachas an Cathaoirleach, a mbeidh ar a cumas, cé nach bhfuil sí ina comhalta d'aon Choiste, freastal ar chruinniú coiste ó am go ham. Anuas air sin, bhí beirt chomhaltaí seachtracha ann ag deireadh 2018 den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, beirt chomhaltaí seachtracha den Choiste Straitéis agus Feidhmíochta Póilíneachta agus comhalta seachtrach amháin den Choiste Forbartha Eagraíochta. Tá comhalta seachtrach ina chathaoirleach ar an gCoiste um Rialachas Roghnaithe agus um Dhearbhú Cáilíochta Ceapachán an Gharda Síochána ar saineolaí sinsearach neamhspleách earcaíochta é agus áirítear le ballraíocht an Choiste seo comhalta den fhoireann Feidhmiúcháin Shinsearaigh, chomh maith. Rinneadh Coiste an Chóid Eitice a scor ag deireadh 2018 agus fairsingíodh na Téarmaí Tagartha don Choiste Forbartha Eagraíochta le maoirseacht a chuimsiú ar leabú an Chóid Eitice ag an nGarda Síochána. Tá mionsonraí maidir le gach aon choiste, mar aon le ballraíocht agus cruinnithe sa bhliain 2018 leagtha amach i dTábla 2.

| Tábla 2: Coistí an Údaráis in 2018 | | |
|---|--|--------------------|
| Coiste | Ballraíocht | Cruinnithe in 2018 |
| Iniúcháireacht agus Riosca | Moling Ryan (Cathaoirleach) Ronan Nolan (Comhalta Seachtrach) Melanie Pine (Comhalta Seachtrach) | 5 |
| Cód Eitice | Pat Costello (Cathaoirleach) Bob Collins Judith Gillespie | 6 |
| Rialachas um Roghnú agus Dearbhú Cáilíochta Ceapachán an Gharda Síochána | Bryan Andrews (Cathaoirleach) (Comhalta Seachtrach) Valerie Judge Maureen Lynott Moling Ryan Aileen Healy (Comhalta Feidhmiúcháin) | 4 |
| Forbairt Eagraíocht an Gharda Síochána | Bob Collins (Cathaoirleach) Pat Costello Valerie Judge Moling Ryan ⁴ Melanie Pine (Comhalta Seachtrach) ⁵ | 6 |

⁴ Ba chomhalta den Choiste Forbartha Eagraíochta Moling Ryan go dtí an 11 Deireadh Fómhair 2018.

⁵ Chuaigh Melanie Pine leis an gCoiste Forbartha Eagraíochta an 13 Meitheamh 2018

| | | |
|--|--|----------|
| Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | Judith Gillespie (Cathaoirleach) Noel Brett Maureen Lynott Moling Ryan ⁶ Vicky Conway (Comhalta Seachtrach) Ronan Nolan (Comhalta Seachtrach) ⁷ | 8 |
|--|--|----------|

3. An Fhoireann Feidhmiúcháin

Is é ról na Feidhmeannachta, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, beartais agus cinní an Údaráis a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, is é ról na foirne bainistíochta sinsearaí an tÚdarás a choinneáil ar an eolas trína chruinnithe rialta maidir le forbairtí ábhartha (lena n-áirítear aon rioscaí ábhartha) agus tacaíocht a thabhairt d’obair an Údaráis trí thacaíocht, eolas agus saineolas ábhartha a sholáthar maidir le rialachas agus le forbairt beartas ar leibhéal Údaráis agus ag leibhéal Coiste araon.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach sa reachtaíocht agus i gCreat Rialachais an Údaráis. Chomh maith leis sin, is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis agus is freagracht ar leith í seo ó fhreagrachtaí rialachais chomhaltaí an Údaráis.

Taispeántar ballraíocht na foirne bainistíochta sinsearaí i dTábla 3.

| Tábla 3: An Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí 2018 | |
|--|---|
| RÓL | Ainm |
| Príomhfheidhmeannach | Helen Hall |
| Ceann Seirbhísí Rialachais agus Seirbhísí Corparáideacha agus Rúnaí leis an Údarás | Aileen Healy |
| Ceann Dlí, Beartais agus Taighde | Catherine Pierse ⁸ Síle Larkin ⁹ |
| Ceann Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | Margaret Tumelty |

Íocadh tuarastal €140,379 leis an bPríomhfheidhmeannach an 31 Nollaig 2018 ar scála tuarastail Rúnaí Chúnta sa státseirbhís, arbh ionann é agus an méid a bhí faofa ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Íocadh costais €2,733 leis an bPríomhfheidhmeannach sa bhliain 2018 a d’eascair as feidhmiú a cuid dualgas.

⁶Chuaigh Moling Ryan leis an gCoiste Straitéise agus Feidhmíochta Póilíneachta an 19 Samhain 2018.

⁷Chuaigh Ronan Nolan leis an gCoiste Straitéise agus Feidhmíochta Póilíneachta an 14 Bealtaine 2018 mar chomhalta seachtrach.

⁸Bhí post Ceann Dlí, Beartais agus Taighde ag Catherine Pierce go dtí an 8 Meitheamh 2018.

⁹Ghlac Síle Larkin le post Ceann Dlí, Beartais agus Taighde ag Catherine Pierce an 1 Deireadh Fómhair 2018.

4. An bealach a oibrímid

Cruinnithe an Údaráis

Beartaíonn an tÚdarás gnáth-lánchruinniú ar feadh an lae gach aon mhí seachas i mí Lúnasa. Áirítear le gach cruinniú, cruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána agus le foireann shinsearach an Gharda Síochána. Ceanglaíonn an tAcht ar an Údarás líon nach lú ná ceithre chruinniú a thionól go poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána ar bhonn bliantúil. Foilsítear sceideal de chruinnithe na bliana roimh ré, lena n-áirítear cén cruinniú a thionólfar go poiblí leis an gCoimisinéir. Tionólfadh an tÚdarás, ó am go ham, cruinnithe breise nó eisceachtúla ar bhonn riachtanais, a d'fhéadfadh cruinnithe le Coimisinéir an Gharda Síochána a thabhairt san áireamh. Anuas ar 11 chruinniú a bhí sceidealaithe in 2018, cuireadh 4 chruinniú bhreise ar bun in 2018 chun déileáil le saincheistanna a bhí ag teacht chun cinn.

Cuirtear na cruinnithe a thionóltar go poiblí leis an gCoimisinéir in ionad poiblí agus tá cead isteach ag an bpobal agus ag na meáin. Fógraítear na cruinnithe sin roimh ré ar láithreán gréasáin an Údaráis. Déantar iad a shruthú beo trí láithreán gréasáin an Údaráis, tá siad ar fáil do na meáin lena ggraoladh agus tá taifid chartlainne ar fáil le féachaint orthu ar chainéal YouTube an Údaráis.

In 2018, chas an tÚdarás 15 huair, ar an iomlán, le Coimisinéir an Gharda Síochána agus/nó foireann shinsearach an Gharda Síochána 12 uair de na tráthanna seo, agus cuireadh cúig cinn díobh siúd ar bun go poiblí.

Foilsíonn an tÚdarás an dréachtchlár do chruinnithe ar a láithreán gréasáin uair sa tseachtain roimh ré agus foilsítear miontuairiscí faofa ar an láithreán gréasáin, chomh maith. In 2018, foilsíodh tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána leis an Údarás ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána agus an Údaráis.

Déanann an tÚdarás soláthar do chruinnithe príobháideacha a chur ar siúl ag gach cruinniú míosúil gan an Fheidhmeannacht a bheith i láthair agus cuireadh seo ar fáil ocht n-uaire i rith 2018.

Trédhearcacht agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara

Ar aon dul leis an ardluach a léiríonn an tÚdarás ar oscailteacht agus trédhearcacht, tá an tÚdarás tiomanta do chumarsáid agus idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara i gcaitheamh a oibríochtaí laethúla:

- clár agus miontuairiscí cruinnithe a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Údaráis;
- cruinnithe a chur ar siúl go poiblí, trí chomhairliúcháin a chur ar bun le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal agus idirchaidreamh díreach a dhéanamh le páirtithe leasmhara, ar nós na gcomhchoistí póilíneachta agus na sochaí sibhialta; agus
- tuarascálacha agus ábhar eile a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin.

5. Socruithe Rialachais

Bunaítear an tÚdarás Póilíneachta mar chomhlacht ag a bhfuil neamhspleáchas go reachtúil. I gcleachtadh a fheidhmeanna reachtúla, tá an tÚdarás go hiomlán neamhspleách agus mar chomhlacht a chistítear go poiblí, bíonn sé cuntasach go cuí leis an Oireachtas agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tá an Creat foriomlán Rialachais agus Rialaithe laistigh den Údarás treoraithe ag an méid seo a leanas:

- Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú;
- an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, lena n-áirítear an tÚdarás;

- an Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, a gceanglaítear ar an Údarás a chomhlíonadh i gcomhthéacs a chistithe trí Vóta Státchiste;
- moltaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigigh Chuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey);
- An Cód Eitice don Gharda Síochána, lenar glacadh, sa chás gurb infheidhme, ag an Údarás;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí;
- An Cód Caiteachais Phoiblí; agus
- An reachtaíocht, beartais agus ciorcláin rialtais agus seirbhíse poiblí siúd eile amhail a bhaineann le heagraíochtaí státseirbhíse.

Creat Rialachais

Leagtar amach na socruithe rialachais atá i bhfeidhm san Údarás go mionsonraithe i gcáipéis Chreat Rialachais an Údaráis. Tacaíonn sraith cáipéisí eile rialachais leis seo, an méid seo a leanas ina measc:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus don fhoireann;
- Buanorduithe;
- Scéim tarmhlinn agus ceisteanna atá forchoimeáda don Údarás;
- Ráiteas Straitéise 2016-18; agus
- Comhaontú Dearbhaithe (Caidreamh agus Tacaíocht) leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Athbhreithníodh na cáipéisí seo faoi mar ba chúil i rith 2018 chun aon athruithe a léiriú a measadh ba ghá. Foilsítear na cáipéisí seo ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Freagrachtaí

Tá tÚdarás freagrach as an méid seo a leanas:

- gníomhaíochtaí an Údaráis a stiúradh agus a threorú;
- gach oibleagáid reachtúil infheidhme a chomhlíonadh;
- an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus as an bhainistíocht sinsearach a choinneáil cuntasach as feidhmiú éifeachtach a gcuid freagrachtaí;
- ceisteanna a bhaineann le hiniúcháireacht, rialachas agus bainistíocht riosca;
- a chinntiú go bhfuil córais rialaithe inmheánacha atá éifeachtach i bhfeidhm agus á gcur i bhfeidhm;
- ullmhú agus as glacadh le plean straitéiseach; agus
- ullmhú na tuarascála bliantúla seo de chuid an Údaráis.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás ó thaobh a cuid dualgas a fheidhmiú agus as eolas den sórt a sholáthar maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna seo, de réir mar a éilíonn an tÚdarás ó am go ham.

Feidhmíonn an tÚdarás faoi fhoráil airgeadais a fhaigheann maoiniú faoi Vóta na Dála ar bhonn bliantúil, agus is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith sin.

Cód Iompair

Leagtar amach i gCód Iompair an Údaráis Póilíneachta caighdeáin maidir le prionsabail agus cleachtais a rialaíonn iompar na gComhaltaí agus na foirne san Údarás Póilíneachta. Is é cuspóir an Chóid:

- Sraith prionsabail eitice chomhaontaithe a bhunú do Chomhaltaí agus d'fhoireann an Údaráis;

- Forbairt nó glacadh le cleachtais mhí-eiticiúla a sheachaint; agus
- Muinín agus iontaobhas sna Comhaltaí a chur chun cinn agus a choinneáil.

Trí phríomhphrionsabail a leagan amach nach mór do na comhaltaí agus don fhoireann cloí leo, eadhon:

- Feidhmiú ar mhaithe le leas an Phobail;
- Ionracas agus Neamhspleáchas;
- Trédhearcacht;
- Rúndacht;
- Rannpháirtíocht; agus
- Cothroime.

Tacaíonn an Cód le tiomantas an Údaráis feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde iompair gnó agus ullmhaíodh an cód chun cuidiú le Comhaltaí agus le foireann an Údaráis a gcuid dualgas, cearta agus oibleagáidí a thuiscint. Ceanglaíonn sé, ina theannta sin, ar Chomhaltaí agus an fhoireann chun cloí leis an gCód Eitice don Gharda Síochána.

Coinbhleacht Leasa

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcloíonn comhaltaí agus foireann an Údaráis le forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus le forálacha an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, sa chás gurb infheidhme. Chomh maith leis sin, de réir Chód Iompair an Údaráis Phóilíneachta do Chomhaltaí agus don Fhoireann, cláraíonn comhaltaí an Údaráis a gcuid leasa i ngnóthais eile leis an Rúnaí nuair a cheaptar iad. Rialaíonn an Cód Iompair coinbhleachtaí leasa, chomh maith, i gcomhthéacs iomaíocht roghnaithe a reáchtáil an tÚdarás agus cúinsí eile ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa eascairt. Comhlánaíonn comhaltaí uile an Údaráis tuairisceán bliantúil Eitice i gcomhréir le ceanglais an Achta um Eitic in Oifig Poiblí.

Buanorduithe

Leagtar amach i mBuanorduithe an Údaráis na nósanna imeachta faoina dtugann an tÚdarás a ghnó.

Scéim Tarmligin

Rinne an tÚdarás comhaontú ar scéim tairmligin don Údarás. Leagtar amach ann seo:

- Údarás tairmligthe don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach le caiteachas a cheadú faoi na tairseacha comhaontaithe;
- Ceisteanna a bhaineann le rialachas atá forchoimeádta don Údarás; agus
- Feidhmeanna reachtúla an Údaráis agus a mhéid atá siad seo tairmligthe do Choiste de chuid an Údaráis, an Príomhfheidhmeannach nó atá forchoimeádta don Údarás.

Measúnú Feidhmíochta

Tugadh faoi athbhreithniú féinmheasúnaithe ar éifeachtacht an Údaráis i rith 2018 i gcomhréir le riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Maoirseacht na Máthar-Roinne

Tá Comhaontú um Dhearbhu Rialachais Chorparáidigh (Comhaontú Caidrimh agus Tacaíochta ina measc) leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina ndéantar cur síos soiléir ar chaidreamh na Roinne leis an Údarás. Déantar cur síos ann, chomh maith, ar phríomhról, freagrachtaí agus tacaíocht atá mar bhonn taca leis an gcaidreamh idir an tÚdarás agus an Roinn ar thaobh amháin den phingin, agus idir an tAire agus an tOireachtas ar an taobh eile den phingin. Déanann an comhaontú seo a léiriú agus a dhoiciméadú a mhéid a oiriúnaítear go cuí riachtanais chomhlíonta an Chóid Chleachtais do chúinsí (méid agus neamhspleáchas) an Údaráis.

Éilíonn líon feidhmeanna de chuid an Údaráis Phóilíneachta atá leagtha amach san Acht ar an Údarás dul i gcomhairle leis an Aire nó leis an Rialtas maidir le hábhair éagsúla nó comhairle a chur ar an Aire nó ar Rialtas maidir le hábhair éagsúla nó eolas a roinnt leo.

Bíonn cruinnithe idirchaidrimh ar siúl idir bainistíocht shinsearach na Roinne agus an tÚdarás ar bhonn ráithe le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar mhíreanna comhleasa a bhreithniú maidir le sainchúram an Údaráis. Mar chuid de na socruithe nua maidir le cuntasacht agus maoirseacht póilíneachta, beidh cruinniú amháin, ar a laghad, ar siúl idir an Roinn, an Garda Síochána agus an tÚdarás gach aon bhliain, le súil le hábhair a eascraíonn maidir le seirbhísí póilíneachta agus le freagrachtaí éagsúla gach aon eagraíochta a phlé agus a bhreithniú.

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Bunaíodh Coiste Iniúcháireachta, atá comhdhéanta de bheirt chomhaltaí ó lasmuigh den Údarás, mar aon le comhalta amháin den Údarás, i mí Iúil 2016 faoi Chairt Iniúcháireachta agus Riosca agus chas sé ar a chéile 5 huaire in 2018. Cuireann an Coiste comhairle neamhspleách ar an Údarás agus ar an Oifigeach Cuntasaíochta, lena n-áirítear ó thaobh oiriúnacht agus theacht aniar rialú inmheánach, iniúcháireacht inmheánach, bhainistíocht riosca agus chórais agus nósanna imeachta na heagraíochta.

Bainistíocht Riosca

D'fhorbair an tÚdarás beartas bainistíochta riosca cuimsitheach agus chuir sé córais fheabhsaithe bhainistíochta riosca i bhfeidhm in 2018, athbhreithniú ar a chlár rioscaí ina measc. Áiríodh leis seo measúnú mionsonraithe ar phríomhrioscaí an Údaráis, cur síos ina measc ar na rioscaí agus na rialuithe inmheánacha agus na bearta seo chun riosca a mhaolú. Tá an clár rioscaí á chothabháil ag Príomhoifigeach Riosca an Údaráis agus déantar é a nuashonrú ar bhonn leanúnach chun rioscaí nua atá ag teacht chun solais ar gach leibhéal san eagraíocht agus athruithe ar rialuithe chun rioscaí a mhaolú. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Clár Rioscaí a athbhreithniú gach ráithe. Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar an gclár iomlán ar a laghad uair sa bhliain. Buanmhír is ea bainistíocht riosca ar chlár cruinnithe míosúla an Údaráis agus déantar athbhreithniú ar Thuarascáil Bainistíochta Riosca agus pléitear rioscaí ar leith. Téitear i ngleic le riosca agus bearta chun riosca a mhaolú i gcomhthéacs phlé agus chinntí uile suntasacha an Údaráis. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú ar fud na heagraíochta agus buanmhír iad ag cruinnithe bainistíochta, foirne agus tionscadail.

Córas Rialuithe Inmheánacha

Tá córais agus nósanna imeachta daingne agus éifeachtacha rialuithe inmheánacha i bhfeidhm san Údarás chun comhlíonadh phrionsabail, riachtanais agus threoirínte ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí, faoi mar is cuí, a chinntiú agus chun maolú a dhéanamh in aghaidh riosca. Thug an soláthraí Iniúcháireachta Inmheánaí faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh lena chinntiú go ndearnadh

breithniú ar gach gné de bhainistíocht riosca agus rialú inmheánach don bhliain agus chun dearbhú a sholáthar maidir le leordhóthanacht na gcóras rialaithe inmheánaigh.

Iniúcháireacht Inmheánach

Déantar feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí don Údarás a sheachfhoinsiú le Crowleys DFK i ndiaidh próiseas soláthair go déanach in 2016. Tá Cairt Iniúcháireachta Inmheánaí i bhfeidhm. Tá Clár Oibre Iniúcháireachta Inmheánaí trí bliana i bhfeidhm agus tugadh faoi cheithre iniúchtaí inmheánacha in 2018 ar aon dul leis an bplean.

Soláthar

De réir an Chóid Caiteachais Phoiblí atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a thugtar faoi gach gníomhaíocht soláthair agus bhí Plean Soláthair Chorpáraidigh i bhfeidhm don bhliain 2018. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun earraí agus seirbhísí a sholáthar. Lorgáítear cead foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don chaiteachas go léir atá os cionn na tairisí comhaontaithe.

Tuairisciú Airgeadais

Bhí na nósanna imeachta cuí go léir do thuairisciú airgeadais i bhfeidhm laistigh den Údarás sa bhliain 2018, lena n-áirítear:

- Buiséad bliantúil a ndéanann an tÚdarás monatóireacht ar chaiteachas ina choinne, trí thagairt do bhaint amach dualgas reachtúil an Údaráis ar feadh na bliana;
- Forléargas airgeadais a chuireann an Príomhfheidhmeannach ar fáil do Chomhaltaí an Údaráis ar bhonn míosúil;
- Cuirtear tuairiscí foirmiúla ar chaiteachas iarbhir i gcoinne buiséad faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil agus tuairiscítear don Údarás iad gach aon mhí;
- Déantar ionadaíocht ar an Údarás ag cruinnithe Coiste Bainistíochta Airgeadais Vóta na hEarnála Dlí agus Cirt le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas an Ghrúpa Vótaí agus le plé a dhéanamh ar aon saincheistanna airgeadais coitianta agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhíreanna suntasacha caiteachais nua;
- Ullmhaítear agus cuirtear faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an Cuntas Leithreasa Bliantúil lena iniúchadh; agus
- Cuirtear tuairiscí ábhartha agus tráthúla ina bhfuil eolas Airgeadais agus eolas neamh-Airgeadais ar fáil don Bhainistíocht Shinsearach.

Comhlíonadh na Reachtaíochta

Bunaíodh an tÚdarás faoi Acht an Gharda Síochána, 2005 agus oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta. Glacann sé na céimeanna seo a leanas freisin ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh na bhforálacha reachtúla seo a leanas, sa chás gur infheidhme.

Cosaint Sonraí

Comhlíonann an tÚdarás an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Cláraíodh an tÚdarás mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí de réir mar a cheanglaítear le dlí a fhad leis an 24 Bealtaine 2018. Rinneadh ullmhúcháin le comhlíonadh an

Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí a chinntiú a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018 agus leanann obair le comhlíonadh leanúnach an RGCS a chinntiú. Déanann Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis na socruithe seo a bhainistiú. Cuireadh an oiliúint chuí ar an oifigeach seo agus tá líne dhíreach thuairiscithe aige a fhad leis an bPríomhfheidhmeannach. Tá Beartas um Chosaint Sonraí i bhfeidhm ag an Údarás ina gcuimsítear sraith treoirlínte don fhoireann atá bunaithe ar na hocht Riail um Chosaint Sonraí lena chinntiú go bhfuil an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 á chomhlíonadh.

Saoráil Faisnéise

Cuireann an tÚdarás eolas cuimsitheach ar fáil ar a láithreán gréasáin maidir le reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise a bheith á chomhlíonadh aige. Áirítear leis seo scéim foilseacháin a chuireann eolas ar fáil maidir le feidhmeanna an Údaráis agus maidir leis an ábhar a chuireann sé ar fáil go poiblí. Rinne an tÚdarás cinneadh go luath tar éis a bhunaithe ó thaobh trédhearcacht iomlán maidir lena chuid oibre agus foilsíonn an tÚdarás cláir chruinnithe roimh a chuid cruinnithe agus tá miontuairiscí dá chuid cruinnithe go léir agus miontuairiscí cruinnithe coiste foilsithe ar an láithreán gréasáin. Déantar sruthú beo ar a chruinnithe poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána agus tá siad le fáil ar ár láithreán gréasáin. In 2018, fuair an tÚdarás 11 iarraidh um Shaoráil Faisnéise agus is féidir teacht ar shonraí fúthu sa taifead nocht ar ár láithreán gréasáin.

Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a rialachas agus nósanna imeachta d'fhonn comhlíonadh na bprionsabal um chearta daonna agus, go sonrach, na n-oibleagáidí faoi alt 42 d'Acht 2014 a chinntiú. In 2018, chuir an tÚdarás Póilíneachta oiliúint ar an bhfoireann go léir maidir le dualgas na hearnála poiblí faoi Alt 42 d'Acht 2014.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Tá an tÚdarás Póilíneachta tiomanta do thimpeallacht a chothú ina mbíonn an uile dhuine a oibríonn san Údarás ábalta "labhairt amach". Tá ar chumas oibrithe, trí labhairt amach, feabhas a chur ar an eagraíocht agus cuidiú lena chinntiú go bhfuil cothabháil á déanamh ar ardchaighdeáin. Tá an tÚdarás tiomanta a chinntiú go bhfaigheann aon údar inní atá ag comhaltaí foirne éisteacht chúramach ionas gur féidir beart pras a ghlacadh le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna. Tá an tÚdarás tiomanta don Chlár Oibre Iomláine ag an Obair de chuid Transparency International.

Cuirtear ar fáil san Acht cosaint dhleathach áirithe d'oibrithe nuair a thugann siad údar inní chun solais maidir le héagóir a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú san áit oibre. Leagtar amach ann cad is nochtadh cosanta ann agus na cosaintí dleathacha atá i bhfeidhm le cosaint a thabhairt d'oibrithe a dhéanann nochtadh cosanta. De réir an Achta, rinne an tÚdarás forbairt ar Bheartas um Nochtadh Cosanta ina leagtar amach na nósanna imeachta atá i bhfeidhm le héagóir a thuairisciú de réir cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 agus cuireadh oiliúint ar fáil maidir le nochtadh cosanta a dhéanamh. Leagtar amach sa bheartas na prionsabail atá mar bhonn taca le cultúr eiticíúil a fhorbairt agus a chothabháil san eagraíocht agus na mionsonraí oibríochta maidir le conas is féidir le foireann agus comhaltaí an Údaráis nochtadh cosanta a dhéanamh.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá an tuarascáil bhliantúil a éilítear faoi Alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 foilsithe ar láithreán gréasáin an Údaráis.

4. Faisnéis Airgeadais

Maoinítear an tÚdarás, chun tabhairt faoina shainordú, go díreach ón Státchiste i bhfoirm leithdháileadh bliantúil de Chaiteachas Vótáilte.

Is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis agus sa cháil sin tá sí cuntasach don Oireachtas maidir leis an maoiniú go léir atá vótáilte don Údarás le seirbhísí a sholáthar.

Caiteachas 2018¹⁰

Ba é an caiteachas iarbhir ó Vóta an Údaráis Phóilíneachta don bhliain 2018 €2.44 milliún. Áiríodh leis seo costais phárolla na foirne €1.77 milliún, arb ionann sin agus 73% den chaiteachas iomlán.

Cuirtear Ráitis Airgeadais an Údaráis i láthair i bhfoirm an Chuntais Leithreasa Bhliantúil a chuireann an tOifigeach Cuntasaíochta faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh agus a fhoilseoidh an ARCC i bhfoilseachán an Chuntais Leithreasa i Meán Fómhair 2019.

Cuireann an achoimre ar an tuarascáil airgeadais a fhad leis an 31 Nollaig 2018 in Aguisín 3 anailís ar fáil maidir le staid an Vóta agus leis an eolas gaolmhar don bhliain 2017. Tá an tuarascáil seo faoi réir iniúchóireachta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i rith 2019.

Costais Chionroinnte

Chomh maith leis na costais a bhaineann go díreach leis an Údarás, ní mór costais a bhaineann le Ranna eile a bhreithniú freisin ar mhaithe le léargas foriomlán a chur i láthair maidir le costais oibríochta an Údaráis.

Taibhíodh na costais chionroinnte seo a leanas áit éigin eile thar cheann an Údaráis:

- €8,000 faoi Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim;
- €379,000 faoi Vóta 13 - Oifig na nOibreacha Poiblí i dtaca le cíos agus seirbhísí gaolmhara d'oifigí an Údaráis;
- €2,000 faoi Vóta 18 – Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta i dtaca le hAcmhainní Daonna agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla; agus
- €47,000 faoi Vóta 24 – an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

Táillí, Tuarastail agus Costais

Bhí an táille bhliantúil atá iníoctha le Comhaltaí an Údaráis Phóilíneachta don bhliain 2018 de réir an ráta a bhí faofa ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir threoirínite na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níor íocadh aon táillí le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a bhí ag fónamh san Údarás.

Déantar treoirínite pá an Rialtais maidir le pá Príomhfheidhmeannach agus d'fhostaithe Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh go hiomlán. Is fostaithe sa tseirbhís phoiblí iad fostaithe go léir an Údaráis agus faigheann siad luach saothair de réir scálaí tuarastail cuí na státseirbhíse i ndáil lena gcuid grád agus seirbhíse.

¹⁰ Tá na sonraí airgeadais go léir faoi réir iniúchóireachta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (an ARCC).

B'ionann costas iomlán párolla foirne an Údaráis in 2017 agus €1.77 milliún. Tháinig méadú aníos ó 31 chomhalta in Eanáir 2017 go dtí 32 comhalta, ar an iomlán, an 31 Nollaig 2018 ar líon foirne an Údaráis.

Tháinig laghdú ar líon na bhfostaithe ar íocadh a sochair iomlána fostaí (lena n-áirítear ÁSPC Fostóra ach gan costais phinsin fostóra san áireamh) sa bhliain 2018 laistigh de gach aon cheann de na bandaí pá seo a leanas, faoi mar a léirítear sa tábla seo a leanas:

| Banda Pá | Líon na bhFostaithe |
|---------------------|---------------------|
| €60,000 - €70,000 | 2 |
| €70,000 - €80,000 | 3 |
| €80,000 - €90,000 | 2 |
| €90,000 - €100,000 | 3 |
| €100,000 - €110,000 | - |
| €120,000 - €130,000 | - |
| €130,000 - €140,000 | - |
| €140,000 - €150,000 | 1 |

Ba €415,793 an cúiteamh comhiomlán d'fhoireann bhainistíochta sinsearaí an Údaráis sa bhliain 2017, a bhí comhdhéanta de thuarastail agus ÁSPC Fostóra. Chomh maith leis sin íocadh costais iomlán €4,529 maidir le taisteal don fhoireann bhainistíochta sinsearaí chun dualgais oifigiúla a fheidhmiú.

Íoctar costais taistil le Comhaltaí an Údaráis agus leis an bhfoireann de réir mar is cuí agus de réir Bheartas Taistil an Údaráis. Ba €275 an caiteachas iomlán sa bhliain 2018 maidir le fáilteachas agus bronntanais.

Caiteachas Sainchomhairleoireachta

Bhí caiteachas iomlán €12,230 ann in 2018 a bhain le táillí sainchomhairleoireachta/comhairleora sheachtraigh, a chatagóirítear mar seo a leanas:

- Dlíthiúil €8,171
- Comhairleach €4,059

Cánachas

Chomhlíon an tÚdarás a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach in 2018.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá sé mar bheartas an Údaráis Phóilíneachta chun téarmaí na nAchtanna um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh go hiomlán. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás lena chinntiú go n-íoctar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé go bhfuil nósanna imeachta leagtha amach le comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní sholáthraíonn siad ach deimhniú réasúnta, seachas deimhniú iomlán i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta.

In 2018, gearradh pionóis ar íocaíocht dhéanach ar 19 sonrasc, ar an iomlán. B'ionann luach na sonrasc go léir a íocadh go déanach agus €14,661.16. Ba iad na pionóis iomlána a íocadh i rith 2018 a d'eascair ó íocaíochtaí déanacha €881.85 ina raibh ús €61.85 agus cúiteamh €820.



Tosaíochtaí Corparáideacha 2018
Stádas an 31 Nollaig 2018

| Tosaíocht | | Táscairí Feidhmíochta | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|-----------|---|--|---|---|---|--|
| 1) | An chéad straitéis trí bliana eile de chuid an Údaráis a fhorbairt agus a chomhaontú | <ul style="list-style-type: none"> Ráitis Straitéise an Údaráis don tréimhse 2019-2021 curtha faoi bhráid an Aire faoin 31 Nollaig 2018 | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Ráiteas Straitéise 2019-21 an Údaráis a fhorbairt, a dhréachtú agus a tháirgeadh Seoladh na Straitéise | Bainte Amach | Rinne an tÚdarás breithniú ar an dréacht-Straitéis ag a chruinniú an 13 Nollaig agus rinneadh cinneadh chun a chríochnú a chur ar sos go dtí go ndéanfaidh an rialtas cinneadh ar chur i bhfeidhm mholtaí an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta i gcomhthéacs an tionchair ar thorthaí agus gníomhaíochtaí inmhianaithe an Údaráis. Faomhadh an straitéis deiridh an 15 Eanáir agus cuireadh faoi bhráid an Aire í an 16 Eanáir 2019. Seolfar í i ndiaidh go gcuirtear faoi bhráid Tithe an Oireachtais í. |
| 2) | An próiseas a chríochnú lena mbaianeann bonneagar na heagraíochta a bhunú lena chinntiú gurb ann d'acmhainneacht chun cuspóirí straitéiseacha an Údaráis a bhaint amach | <ul style="list-style-type: none"> Forbairt láithreán gréasáin nua a chríochnú don Údarás agus é a sheoladh i Ráithe 2018 | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Sonraíocht, Dearadh, Forbairt, Cur i bhfeidhm agus Cur in Airde an Láithreáin Ghréasáin | Ar bun - tugtha anonn chuig 2019 lena chríochnú | Bhí tástáil á déanamh ar an láithreán gréasáin ag deireadh na bliana 2018 agus tá súil leis é a chur in airde i bhFeabhra 2019 i ndiaidh go gcuirtear an téacsáil i gcrích agus an t-ábhar a thabhairt cothrom le dáta. Cuireadh an láithreán gréasáin in airde an 6 Márta 2019. |
| | | <ul style="list-style-type: none"> Comhlíonann an tÚdarás an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais | Bainte Amach | Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh an Chóid trí athbhreithniú agus nuashonrú Iniúchóireachta Inmheánaí, faoi mar is gá a dhéanamh ar cháipéisíocht agus nósanna imeachta |
| | | <ul style="list-style-type: none"> Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis faoi bhráid an Aire faoin 31 Márta 2018. | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Ullmhú Thuarascáil Bhliantúil 2017 an Údaráis Seoladh Thuarascáil Bhliantúil 2017 an Údaráis | Bainte Amach | Críochnaíodh Tuarascáil Bhliantúil 2017 i Ráithe 1 agus cuireadh faoi bhráid an Aire é an 29 Márta. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus foilsíodh í ar láithreán gréasáin an Údaráis. |
| | | <ul style="list-style-type: none"> Leanúint le feabhsúcháin ar chórais a thabhairt chun cinn chun cáipéisí agus comhfhreagras a bhainistiú ar aon dul le feidhmiúlacht nua TF a thabhairt isteach ag an RDCC. | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Córas nua Bainistíochta Cáipéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm Beartas bainistíochta cáipéisí a fhorbairt | Ar bun - tugtha anonn chuig 2019 lena chríochnú | Baineadh triail phíolótach as córas san Aonad Ceapachán mar réiteach eatramhach fad atá réiteach bainistíochta cáipéisí ar fud na státseirbhíse á chur i bhfeidhm. Tá roinnt príomhshaincheisteanna nár réitíodh le fóill le cur ina gceart ag TFC Ceartais sula ndéanfar cinneadh chun iad a thabhairt isteach ar fud an Údaráis. |
| | | <ul style="list-style-type: none"> An t-aistriú a thabhairt chun críche go dtí seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla i rith 2018 agus tabhairt faoin tionscadal go hiomlán chun aistriú ar aghaidh chuig na seirbhísí comhroinnte nua bainistíochta airgeadais in 2019. | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar an aistriú chuig seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, párolla agus costas agus iad a chur i bhfeidhm Bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar sheirbhísí comhroinnte SCBA a chur i bhfeidhm agus ullmhúcháin a dhéanamh dó seo | Bainte Amach | Tugadh an t-aistriú chuig seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla chun críche i Márta 2018. Tionscadal leanúnach a bhí sna hullmhúcháin don aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais nua i gcaitheamh 2018 agus tá súil le hiad a chur i bhfeidhm in 2020. |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|-----------|---|---|---|---|---|
| | <ul style="list-style-type: none"> Tuarascálacha dearfacha inmheánacha agus seachtracha iniúchóireachta agus moltaí comhaontaithe iniúchóireachta a chur i bhfeidhm | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Comhlíonadh córas leordhóthanach rialuithe inmheánacha a chinntiú Comhoibriú le hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha. | Bainte Amach | Athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha déanta in Eanáir agus gan aon drochthorthaí suntasacha aimsithe. Athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar rialuithe inmheánacha. Athbhreithniú ar sholáthar agus ceannach chun íoc agus an próiseas gearán tugtha chun críche. Tá an t-athbhreithniú ar bhainistíocht riosca críochnaithe agus táthar ag fanacht leis an tuarascáil deiridh agus tugadh athbhreithniú ar chosaint sonraí agus táthar ag fanacht le dréacht-tuarascáil. Tugadh iniúchadh an ARCC ar an gCuntas Leithreasa chun críche agus fuarthas tuarascáil shoiléir iniúchóireachta. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Rinneadh an próiseas bainistíochta riosca a leabú ní ba mhó agus tá sé ag oibriú go héifeachtach | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú leanúnach déanta ar phróisis bhainistíochta riosca agus clár rioscaí cothrom le dáta coimeáda | Bainte Amach | Forbraíodh beartas bainistíochta riosca cuimsitheach a fhorbairt, a d'fhaomh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (an CIR) agus an tÚdarás. Rinne an CIR Clár Rioscaí leasaithe a ullmhú in Iúil agus d'fhaomh an CIR agus an tÚdarás é i Meán Fómhair. Leanann riosca a bheith ar an gclár ag gach cruinniú foirne, bainistíochta agus Údaráis agus coimeádtar an clár rioscaí nuashonraithe ar aon dul leis an bplé seo, faoi mar is cuí. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Próiseas soláthair a chríochnú faoin 30 Aibreán 2018 i gcomhar leis an OSR chun socruithe a aimsiú agus a chur i bhfeidhm le rogha soláthraí seirbhíse chun tabhairt faoi scrúdú nó athbhreithniú ar obair don Údarás | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Próiseas soláthair a chur ar bun chun an rogha soláthraí a fhostú i gcomhar leis an OSR chun tabhairt faoi obair athbhreithnithe faoi mar a theastaíonn | Ar bun - tugtha anonn chuig 2019 lena chríochnú | Ullmhaíodh an tsonraíocht don soláthar seo agus fuarthas cead dó. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí faoin 25 Bealtaine 2018 | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Plean a ullmhú do ghníomhartha le comhlíonadh an RGCS a chinntiú agus é a chur i bhfeidhm | Bainte Amach | Bhí plean um chur i bhfeidhm an RGCS curtha i bhfeidhm den chuid ba mhó faoin spriocdháta an 25 Bealtaine. Tá obair ar siúl chun próisis a oibriochtú ar bhonn leanúnach. |
| 3) | Cumarsáid sheachtrach a fheabhsú | | | | |
| | <ul style="list-style-type: none"> Táthar le leagan amach i bPlean Gníomhartha Cumarsáide 2018 conas a dhéanfaidh an tÚdarás cumarsáid le, faisnéis a sholáthar, feasacht a chur chun cinn ar phóilíneacht agus éisteacht le páirtithe leasmhara a d'fhaomh an tÚdarás ag a chruinniú i bhFeabhra 2018 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Plean Gníomhaíochta Cumarsáide 2018 a fhorbairt agus a fhaomhadh | Bainte Amach | D'fhaomh an tÚdarás an Plean Gníomhaíochta Cumarsáide i bhFeabhra. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Plean Gníomhaíochta Cumarsáide 2018 a chur i bhfeidhm | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Plean Gníomhaíochta Cumarsáide 2018 a chur i bhfeidhm Freagairt ar cheisteanna ó na meáin | Bainte Amach | Tá an Plean Gníomhaíochta Cumarsáide á chur i bhfeidhm agus déileáiltear le ceisteanna ó na meáin ar bhonn leanúnach. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Cúig chruinniú a chur ar bun le Coimisinéir an Gharda Síochána go poiblí | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> An Chumarsáid do chruinnithe an Údaráis a bhainistiú go poiblí Na saoráidí agus an lóistíocht do chruinnithe an Údaráis a bhainistiú go poiblí Páipéir agus ceisteanna a sholáthar don chruinniú de théama Leanaí / Athstúrtha Óige de chuid an Údaráis Páipéir agus ceisteanna a sholáthar don chruinniú de théama Éagsúlachta de chuid an Údaráis Páipéir agus ceisteanna a sholáthar don chruinniú de théama Daoine Amhrasta / Coinneála de chuid an Údaráis | Bainte Amach | Tionóladh 5 chruinniú, ar an iomlán, leis an gCoimisinéir go poiblí agus rinneadh iad a shruthú beo i bhFeabhra, Aibreán Meitheamh, Meán Fómhair agus Samhain. Anuas air sin, cuireadh imeacht poiblí ar siúl chun plé a dhéanamh ar an iniúchadh ar Chultúr an Gharda Síochána agus rinneadh é seo a shruthú beo i mBealtaine 2018. |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn | |
|-----------|---|--|---|---|--|--|
| | <ul style="list-style-type: none"> An caidreamh idir an tÚdarás agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a fhorbairt agus a fheabhsú | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Cruinnithe tréimhsiúla idirchaidrimh a bhunú le CÉCDC | Bainte Amach | Tionóladh cruinníú le CÉCDC agus socraíodh cur i láthair don fhoireann ar dhualgas na hearnála poiblí. | |
| 4) | Córas Ceapachán sa Gharda Síochána | <ul style="list-style-type: none"> Duine a ainmniú don Rialtas lena cheapadh mar Choimisinéir an Gharda Síochána | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Ullmhúcháin a dhéanamh do agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an SCP agus an RDCC maidir le hiomaíochtaí do Choimisinéir an Gharda Síochána agus Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána | Bainte Amach | Cheap an Rialtas Coimisinéir nua an Gharda Síochána de bhun ainmniúchán an Údaráis. Níor iarradh ar an Údarás iarrthóir a ainmniú do Leas-Choimisinéir in 2018. |
| | | <ul style="list-style-type: none"> Tabhairt faoi chomórtais roghnúcháin do Choimisinéir Cúnta (más gá), Ard-Cheannfort agus Ceannfort | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Ullmhúcháin a dhéanamh do agus tabhairt faoi iomaíocht d'Ard-Cheannfort Ullmhúcháin a dhéanamh do agus tabhairt faoi iomaíocht do Cheannfort Ullmhú d'iomaíocht Choimisinéara Chúnta (agus tabhairt faoi, más gá) Athbhreithniú a chríochnú ar phróisis iomaíochta agus cheapacháin agus iad a nuashonrú faoi mar a theastaíonn | Bainte Amach | Tugadh iomaíocht do Cheannfort chun críche agus bunaíodh painéal 30 iarrthóir in Iúil 2018. Tugadh iomaíocht d'Ard-Cheannfort chun críche agus bunaíodh painéal 13 iarrthóir i Samhain 2018. Ní raibh aon ghá le hiomaíocht do Choimisinéir Cúnta in 2018, ach cuireadh tús, mar sin féin, le hullmhúcháin chun seirbhísí measúnaithe a sholáthar roimh iomaíocht 2019, más gá. Athbhreithniú ar iomaíocht 2017 tugtha chun críche. |
| | | <ul style="list-style-type: none"> Freagairt go pras ar iarrataí a dhéantar ar an Údarás ar mhéaduithe ar líonta agus gráid na foirne sibhialtaí sa Gharda Síochána | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Cásanna gnó a riar agus a mheasúnú atá le faomhadh d'fhoireann sibhialtach an Gharda Síochána agus iad a mholadh lena bhfaomhadh, faoi mar is cúí | Bainte Amach | Cuir an GS obair ar chásanna gnó ar sos fad a bhí siad ag tabhairt faoi chleachtadh um beartú tosaíochta agus ní bhfuarthas ach líon beag iarrataí go déanach in 2018. Rinneadh na cásanna gnó go léir a fuair an tÚdarás a thabhairt chun cinn a mhéid agus ab fhéidir agus rinneadh ceisteanna a thabhairt chun solais agus a fhiosrú. Tá roinnt cásanna ar feitheamh nuair atáthar ag feitheamh le freagairtí ar cheisteanna nár réitíodh go fóill ón GS. |
| | | <ul style="list-style-type: none"> Oibriú leis an nGarda Síochána chun iarrataí a chuíchóiriú ar fhoireann nua sibhialtach agus an t-aga slánaithe a thomhas a ghlacann sé ar chásanna gnó a cuireadh i gcrích chun sprioc shoiléir a bhunú do spriocanna feidhmíochta bonnlíne | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Méadracht a bhunú agus a mhonatóiriú maidir le haga slánaithe do chásanna gnó Bearta feabhsaithe feidhmíochta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn cásanna gnó ón GS iomlán agus go n-éascaíonn siad moladh éifeachtúil le faomhadh | Bainte Amach | Comhaontaíodh ar theimpléad nua cás gnó chun an próiseas a chuíchóiriú, áfach, chuir moilleanna ar phróisis an Gharda Síochána isteach ar ghníomhartha chun deacrachtaí agus an próiseas a chuíchóiriú agus níorbh fhéidir, ar an ábhar sin, méadracht bhríoch a bhunú. Fuair an GS líon mór cásanna gnó ó aonaid aonair agus tá tús áite á thabhairt anois aige do chásanna le cur faoi bhráid an Údaráis lena bhfaomhadh. |
| 5) | Tacaíocht a thabhairt don Choimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Aighneacht leis an gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta faoin 31 Eanáir 2018 | Príomhfheidhmeannach | <ul style="list-style-type: none"> Ullmhú na hAighneachta d'fhaomhadh an Údaráis | Bainte Amach | Aighneacht críochnaithe, curtha ar fáil don Choimisiún agus foilsithe. |
| | | <ul style="list-style-type: none"> Rinneadh iarrataí ar fhaisnéis nó nótaí tráchta ar an dréacht-tuarascáil/na dréacht-tuarascálacha ón gCoimisiún a fhreagairt ar bhealach cúí tráthúil | Príomhfheidhmeannach | <ul style="list-style-type: none"> Idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún ar bhonn leanúnach | Bainte Amach | Rinneadh idirchaidreamh leanúnach idir an Príomhfheidhmeannach agus Rúnaíocht an Choimisiúin don bhliain a fhad le críochnú obair Choimisiúin agus go dtí gur foilsíodh a thuarascáil i Meán Fómhair 2018. Rinneadh aighneacht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an tuarascáil i nDeireadh Fómhair 2018. |
| 6) | Acmhainn taighde an Údaráis a fhorbairt | <ul style="list-style-type: none"> Forbraíodh Straitéis agus Plean Taighde 2018 a fhorbairt faoin 31 Eanáir 2018, chun tacú le comhaltaí an Údaráis trí chruinnithe téamúla agus d'obair mhaoirseachta leanúnach | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> Plean Gníomhaíochta Taighde 2018 a fhorbairt agus a fhaomhadh | Bainte Amach | An straitéis agus an plean faofa ag an Údarás. |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|-----------|---|---|---|---|---|
| | <ul style="list-style-type: none"> Plean Gníomhaíochta Taighde faofa 2018 a chur i bhfeidhm | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> Acmhainn taighde a fhorbairt Spás tiomnaithe leabharlainne a bhunú (deireadh Fheabhra) Deis a shainaithint chun seachfhoinsíú a dhéanamh (deireadh Aibreán) agus soláthar a bhainistiú (deireadh 2018) Aschur taighde a sholáthar Faisnéis maidir le torthaí cúirte mar tháscairí athróige (deireadh Mheán Fómhair) | Ar bun - tugtha anonn chuig 2019 lena chríochnú | Rinneadh acmhainn taighde a bhreisfhairsingiú i rith na bliana agus cuireadh seirbhís leabharlainne thiomnaithe i bhfeidhm. Rinneadh roinnt tionscnaimh taighde a phleanáil agus a thosú in 2018 faoina dtabharfar in 2019. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Forbraíodh scéim sparánachta do thionscadail taighde sheachtracha faoin 30 Meitheamh 2018 | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> Scéim Sparánachta a Fhorbairt - Beartas agus Treoirilínte | Bainte Amach | Fuarthas cead do sparánacht, agus forbraíodh beartas agus treoirilínte. Tá an scéim le fógairt agus le cur i bhfeidhm in 2019. |
| 7) | Monatóireacht agus measúnú ar fheidhmíocht | | | | |
| | <ul style="list-style-type: none"> Measúnú míosúil ar Phlean Póilíneachta 2018 ag an bhFeidhmeannacht | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Anailís agus tuairiscí míosúil agus ráithiúil ar shonraí an GS | Bainte Amach | Tá faisnéis á fáil a fhaightear gach mí don Gharda Síochána agus tá anailís á déanamh air. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Tuarascáil leathbhliana agus tuarascáil bhliantúil a chur le chéile ar fheidhmíocht in aghaidh an phlean póilíneachta | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Plean tionscadail do thuarascálacha ar an bPlean Póilíneachta Tuarascálacha ar an bPlean Póilíneachta a chur le chéile | Bainte Amach | Foilsíodh tuarascáil lárbhliana i Lúnasa 2018. Foilseofar an dara tuarascáil a chumhdaíonn an ó lúil go Nollaig 2018 go luath in 2019. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Cinntiúchán ar fhormaid do thuarascáil bhliantúil Choimisinéir an Gharda Síochána faoin 28 Feabhra 2018 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Formáid leasaithe do Thuarascáil Bhliantúil an Gharda Síochána | Bainte Amach | Rinne an tÚdarás a riachtanais d'fhormaid na tuarascála agus an a díomá a bhí air a chur in iúl don Aire nár comhlíonadh na riachtanais go léir seo sa tuarascáil deiridh a seoladh ar aghaidh. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Cuireadh Tosaíochtaí Póilíneachta don bhliain 2019 faoi bhráid an Aire faoi dheireadh Mheán Fómhair i ndiaidh próiseas comhairliúcháin phoiblí | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Comhairliúchán Poiblí Tosaíochtaí a sheoladh ar aghaidh | Ar bun - tugtha anonn chuig 2019 lena chríochnú | Rinneadh dréacht-tosaíochtaí a ullmhú agus tugadh faoi chomhairliúcháin Chomhchoiste Póilíneachta (CCP) agus phoiblí. Rinne an tÚdarás breithniú ar na dréacht-tosaíochtaí i Meán Fómhair, cuireadh moill, áfach, ar chomhairliúchán foirmiúil leis an gCoimisinéir agus an Roinn le ham a thabhairt don Choimisinéir nua chun tabhairt faoi phróiseas pleanála straitéisí. Rinneadh Tosaíochtaí Póilíneachta 2019 a thabhairt chun críche agus a chur faoi bhráid an Aire lena bhfaomhadh an 6 Márta 2019. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Faomhadh Plean Póilíneachta bliantúil 2019 an Gharda Síochána | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Ceardlann an Phlean Póilíneachta | Ar bun - tugtha anonn chuig 2019 lena chríochnú | Beartaítear na spriocdhátaí a shíneadh don Phlean Póilíneachta ar aon dul le síneadh Phlean Póilíneachta 2018 go dtí deireadh Mhárta 2019. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Faomhadh Ráiteas Straitéise 2019-2021 an Gharda Síochána | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Faomhadh Ráiteas Straitéise 2019-2021 an Gharda Síochána | Ar bun - tugtha anonn chuig 2019 lena chríochnú | Rinneadh comhaontú leis an Roinn chun Ráiteas Straitéise reatha an Gharda Síochána a shíneadh chuig deireadh Mhárta 2019. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Feabhas a chur ar an gcreat feidhmíochta tríd an réimse bearta athróige maidir le feidhmíocht póilíneachta a fhairsingiú atá ar fáil don Údarás agus a úsáideann sé, tagarmharcanna ábhartha idirnáisiúnta póilíneachta ina measc | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> An creat feidhmíochta a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach | Ar bun - tugtha anonn chuig 2019 lena chríochnú | Tá foireann tionscadail i bhfeidhm chun creat barrfheabhsaithe feidhmíochta a fhorbairt agus leanfaidh an obair ar aghaidh in 2019. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Gharda Síochána chun an Cód Eitice a leabú ar fud na heagraíochta | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> Measúnú a dhéanamh ar phróiseas an Gharda Síochána chun an Cód Eitice a leabú ar fud na heagraíochta | Bainte Amach | Rinne Coiste an Chóid Eitice monatóireacht ar dhul chun cinn chun an Cód Eitice a leabú i gcaitheamh 2018 agus leanfaidh an obair seo faoi choimirce an Choiste um Fhorbairt Eagraíochta in 2019. |

| Tosaíocht | Táscarí Feidhmíochta | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn | |
|-----------|---|--|---|--|---|---|
| | <ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú ar na tuarascálacha ar Chaighdeán Ghairmiúla agus tuarascálacha a fuarthas ó Choiste Iniúchóireachta an Gharda Síochána chun táscarí agus téamaí riosca a shainaithint | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú leanúnach ar Thuarascálacha an ACG agus Tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí | Bainte Amach | Tugadh faoi athbhreithniú ar na tuarascála a fuarthas. | |
| | <ul style="list-style-type: none"> Freastalaíodh ar 6 chruinniú réigiúnacha PAF agus ar 10 gcruinniú roinne PAF | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Forbraíodh plean cuairte don fhoireann agus do bhaill den Údarás | Bainte Amach | Go dtí seo, freastalaíodh ar shé chruinniú Réigiúnacha, sé chruinniú Roinne agus dhá chruinniú Ceantair PAF. | |
| 8) | Monatóireacht ar Nuachóiriú agus Athchóiriú an Gharda Síochána. | <ul style="list-style-type: none"> Déantar meastóireacht mhíosúil ar a Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana (CNA) a chur i bhfeidhm ag an nGarda Síochána agus cuireadh trí thuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid an Aire ar an gceist go tráthúil | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Anailís agus tuairisciú míosúil ar chlár an CNA Plean tionscadail do thuarascálacha FGL 3 thuarascáil ráithiúla a chur faoi bhráid an Aire ar FGL | Bainte Amach | Cuireadh dhá thuarascáil i gcrích agus cuireadh faoi bhráid an Aire iad i rith 2018 agus ullmháíodh tuarascáil deiridh a bhí le faomhadh agus le seoladh ar aghaidh in Eanáir 2019. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Measúnú ar thuarascáil 2014 na Cigireachta a chur i bhfeidhm ag an nGarda Síochána ar Imscrúdú na Coireachta agus nuashonrú a thabhairt don Údarás faoin 30 Meitheamh 2018 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> An Tuarascáil ar Imscrúdú na Coireachta le cur i bhfeidhm | Ar bun - tugtha anonn chuig 2019 lena chríochnú | Cuireadh cruinniú ar bun idir foireann an GS, SGÉ agus an ÚP i Meán Fómhair 2018. Tá cruinniú le socrú chun athbhreithniú líne ar líne a dhéanamh ar léarscáil um dhul chun cinn an Gharda Síochána. | |
| | <ul style="list-style-type: none"> Meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tuairisciú ag an nGarda Síochána ar phleanáil an lucht saothair, earcaíocht, sannadh sibhialtach agus ath-implonú cuí Chomhaltai an Gharda Síochána chuig póilíneacht túslíne póilíneacht | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil an lucht saothair agus sibhialtachú a chur i bhfeidhm, athshannadh Gardaí agus sibhialtaigh a earcú trí chruinnithe rialta ilghníomhaireachta | Bainte Amach | Chuir an GS leagan eatramhach nuashonraithe de Phlean an Lucht Saothair ar aghaidh i Meitheamh 2018 ach leanann seo a bheith idir lámha go fóill. Bhain an GS sprioc 250 ath-implonú chuig póilíneacht túslíne amach. Cé nár bhain an GS an cuspóir amach chun a bplean lucht saothair a chríochnú, rinne an tÚdarás maoirseacht ar a n-obair ina leith seo i gcaitheamh na bliana, trí chruinnithe den ghrúpa ilghníomhaireachta a thionól chun maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú phlean lucht saothair an GS, earcaíocht sibhialtach agus athshannadh Gardaí chuig an túslíne. | |
| | <ul style="list-style-type: none"> Maoirseacht a dhéanamh ar an athbhreithniú a dhéanann an GS ar bheartais agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm sa Gharda Síochána chun déileáil le nochtadh cosanta | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> Maoirseacht a dhéanamh ar an athbhreithniú ar nochtadh cosanta | Níor baineadh é seo amach mar gheall ar thosca nach raibh smacht ag an ÚP orthu - curtha ar aghaidh chuig 2019 | Bhí an GS ag feitheamh le tuarascáil Choimisiún Charlton sular chríochnaigh sé a thuarascáil ar athbhreithniú nochtadh cosanta an Gharda Síochána. Scríobh an ÚP ríomhphost an 15 Deireadh Fómhair 2018 chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin-Dlí an Gharda Síochána inar lorgaíodh dáta a dheimhniú chun an tuarascáil deiridh a sheoladh chuig an ÚP agus leanfaidh sé le monatóireacht a dhéanamh air seo in 2019. | |
| | <ul style="list-style-type: none"> Maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhartha a rinne an Garda Síochána mar thoradh ar an Suirbhé ar an Iniúchadh ar Chultúr 2017 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Maoirseacht a dhéanamh ar an bhfreagairt ar an Iniúchadh ar Chultúr | Bainte Amach | Cuireadh imeacht a sruthaíodh beo ar siúl i mBealtaine 2018 chun plé a dhéanamh ar an tuarascáil ar an Iniúchadh ar Chultúr le príomhpháirtithe leasmhara agus pléadh an cultúr leis an gCoimisinéir i Samhain. | |
| | <ul style="list-style-type: none"> Leanúint ag casadh le Cigireacht an Gharda Síochána, lena chinntiú go bhfuil an t-athbhreithniú a dhéantar ar scaipeadh acmhainní an Gharda Síochána ar aon dul leis na téarmaí tagartha lena comhaontaíodh agus go gcoimeádtar an tÚdarás ar an eolas ar dhul chun cinn. | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Idirchaidreamh a dhéanamh le Cigireacht an Gharda Síochána maidir le dul chun cinn ar an athbhreithniú | Bainte Amach | Fuarthas an tuarascáil deiridh ó Chigireacht an Gharda Síochána i Nollaig 2018 agus cuireadh faoi bhráid an Aire é. Foilsíodh an tuarascáil an 21 Nollaig 2018. | |
| 9) | Freagairtí a thabhairt ar iarrataí Aire agus tuarascálacha 3ú páirtí, de réir mar a thagann siad chun solais | <ul style="list-style-type: none"> Meastóireacht ráithiúil a dhéanamh ar dhul chun cinn ag an nGarda Síochána ar na moltaí a chur i bhfeidhm a eascraíonn as an obair a rinneadh in 2017 ar TAMS / FMS ag Crowe Horwath | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Meicníocht mheastóireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun freagairt a thabhairt ar an tuarascáil ar TAMS/FMS | Níor baineadh é seo amach mar gheall ar thosca nach raibh smacht ag an ÚP orthu - curtha ar aghaidh chuig 2019 | Fuarthas an plean gníomhaíochta agus na hamlínte leasaithe ón GS ní ba dhéanaí sa bhliain ná mar a raibh súil leis. Leanfar le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn in 2019 |

| Tosaíocht | Táscarí Feidhmíochta | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|---|--|---|---|--|---|
| | <ul style="list-style-type: none"> An mheastóireacht a dhéanann an tÚdarás ar dhul chun cinn ag an nGarda Síochána ar na moltaí a chur i bhfeidhm a eascraíonn as tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí an GS ar nósanna imeachta airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> Moltaí Iniúchóireachta Inmheánaí an Teampaill Mhóir a chur i bhfeidhm | Bainte Amach | Cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire in Iúil 2018. Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar roinnt earraí leantacha, dul chun cinn ina measc ar aistriú tailte a thabhairt chun críche, atá faoi stiúir OOP, le leanúint mar chuid den mhaoirseacht leanúnach. |
| | <ul style="list-style-type: none"> An mheastóireacht a dhéanann an tÚdarás ar dhul chun cinn ag an nGarda Síochána ar na moltaí a chur i bhfeidhm a eascraíonn as Coimisiún Fennelly a thabhairt chun críche. | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> Moltaí Choimisiún Fennelly a chur i bhfeidhm | Bainte Amach | Cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire in Iúil 2018. Monatóireacht leanúnach bhreise a dhéanamh ar an dá earra leantacha faoinar tugadh. |
| 10) Tuiscint níos doimhne a fháil ar oiliúint agus oideachas an Gharda Síochána | <ul style="list-style-type: none"> Leanúint le cur i láthair míosúil a dhéanamh d'oiliúnaithe Chéim Chlár Oiliúna Fhondúireacht an Gharda Síochána | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Socrúithe a dhéanamh do chuir i láthair d'earcaithe Chéim 3 an Gharda Síochána agus an sceideal oiliúna a chomhordú | Bainte Amach | An cur i láthair curtha ar fáil do gach grúpa sa bhliain. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Fiosrú a dhéanamh le Coláiste an Gharda Síochána agus cuir i láthair á ndéanamh do chúrsaí oiliúna promóisin/FGL an GS | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Fiosrú a dhéanamh le Coláiste an Gharda Síochána agus cuir i láthair á ndéanamh do chúrsaí oiliúna ardaithe céime/FGL an GS | Bainte Amach | Rinneadh socruithe don Údarás chun cur i láthair a dhéanamh do chúrsa ardaíthe céime chuig Sáirsint ag Baile an Bhaspailigh agus tugadh seo chun críche |
| | <ul style="list-style-type: none"> Measúnú a dhéanamh ar stádas chumhdach oiliúint tiomána an Gharda Síochána faoin 30 Meán Fómhair 2018 | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> Measúnú a dhéanamh ar oiliúint tiomána an Gharda Síochána | Bainte Amach | Páipéar agus plé faisnéise a bhaineann le hoiliúint tiomána an GS ag cruinniú an Údarás i Meán Fómhair 2018. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Scrúdú a dhéanamh ar chur chuige an Gharda Síochána i leith forbairt ghairmiúil leanúnach chomhaltaí an Gharda Síochána agus na foirne sibhialtaí a leanúint. | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> Scrúdú ar FGL an Gharda Síochána / Sibhialtach | Bainte Amach | Chuathas i ngleic leis seo i gcomhthéacs aighneacht an ÚP leis an CBI in Eanáir 2018 agus 5ú tuarascáil an ÚP ar an CBI in Iúil 2018 |
| 11) Tuiscint níos doimhne a fháil ar shocruithe Rialachais Chorpáidigh an Gharda Síochána | <ul style="list-style-type: none"> Ceisteanna a fhiosrú a eascraíonn as an athbhreithniú a rinneadh ar Rialachas Corparáideach a bhí ar bun ag deireadh 2017 | Príomhfheidhmeanach | <ul style="list-style-type: none"> Measúnú leantach ar an athbhreithniú ar Rialachas Corparáideach | Bainte Amach | Fuarthas an t-aschur ón athbhreithniú seo - cáipéis phlé - agus rinneadh é a roinnt le Coimisinéir an Gharda Síochána agus príomhpháirtithe leasmhara eile (an RDCC, an CBI, GSOC, CGS) |
| | <ul style="list-style-type: none"> Scrúdú a dhéanamh faoin 30 Meán Fómhair ar phróiseas an Gharda Síochána i dtaobh disciplín inmheánach. | Dlí, Beartas agus Taighde | <ul style="list-style-type: none"> Scrúdú ar phróiseas disciplíne an Gharda Síochána | Bainte Amach | Rinneadh an gníomh chun tabhairt faoi scrúdú ar phróisis dhisciplíneacha a iarchur ní ba luaithe sa bhliain i gcomhthéacs na hoibre a bhí á déanamh ag an CBI. Ullmháidh páipéar faisnéise don Údarás don chruinniú a tionóladh i nDeireadh Fómhair. |
| 12) Idirchaidreamh méadaithe leis an CCP | <ul style="list-style-type: none"> Cruinniú bliantúil Cathaoirligh CCPanna curtha ar siúl | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Cruinniú bliantúil Cathaoirligh CCP a phleanáil agus a bhainistiú | Bainte Amach | Cruinniú bliantúil Cathaoirligh CCP curtha ar siúl in Iúil 2018. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Freastal an Údarás ar 20 cruinniú CCP, ar a laghad, atá leata go réigiúnach | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Cuairteanna CCP a chomhordú agus a bhainistiú Treoirínte agus teimpléid chuairte d'fhoireann an Údarás a ullmhú | Bainte Amach | Freastalaíodh ar 20 cruinniú CCP i rith na bliana. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Breithniú a dhéanamh ar ról CCPanna agus ar stádas threoirínte CCP agus nuashonrú a sholáthar don Údarás ag a chruinniú i bhFeabhra 2018 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | <ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú agus Tuairisciú ar Ról agus Treoirínte CCP | Níor baineadh é seo amach mar gheall ar thosca nach raibh smacht ag an ÚP orthu - curtha ar aghaidh chuig 2019 | Mar gheall ar an obair atá á dhéanamh ag an CBI ar an ábhar seo, cuireadh cinneadh a dhéanamh ar na treoirínte siar go dtí 2019. |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nuashonrú ar Dhul chun Cinn |
|--|--|---|--|---|--|
| 13) Tuiscint níos doimhne a fháil ar sholáthar acmhainní an Gharda Síochána, an bealach a úsáidtear acmhainní agus an nasc atá acu le feidhmíocht | <ul style="list-style-type: none"> Rannpháirtíocht sa Ghrúpa Athchóirithe agus Acmhainní ar bhonn ráithiúil | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Rannpháirtíocht i gcruinnithe Ráithiúla an Ghrúpa Athchóirithe agus Acmhainní ilghníomhaireachta Athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar shocruithe maoirseachta d'acmhainní an Gharda Síochána | Bainte Amach | Bunaíodh Grúpa Oibre nua ar Acmhainní an Gharda Síochána agus casann sé ar a chéile gach mí. Is éard atá sa ghrúpa an GS, an tÚdarás, an RDCC, an RCPA agus Roinn an Taoisigh. |
| | <ul style="list-style-type: none"> Anailís a dhéanamh ar Vóta an Gharda Síochána do chruinniú an Údaráis in Eanáir 2018, a sainithneofar roinnt athbhreithnithe ar leith atá le déanamh i rith 2018 | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Páipéar faisnéise ar Vóta an Gharda Síochána Acmhainní an Gharda Síochána a Chainníochtú - Togra do limistéir atá le hathbhreithniú Athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar Rialachas Airgeadais an Gharda Síochána Athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar Ragobair an Gharda Síochána . | Bainte Amach | Níor tugadh faoi na limistéir athbhreithnithe seo a leanas mar gheall ar obair faoinar thug comhlachtaí eile: <ul style="list-style-type: none"> - Ragobair - athbhreithnithe an RCPA agus an ARCC; - Rialachas airgeadais - d'eisigh an GS tairiscint d'athbhreithniú |
| | <ul style="list-style-type: none"> Comhairle a sholáthar don Aire ar leordhóthanacht Acmhainní an Gharda Síochána faoin 31 Iúil 2018 | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Comhairle a sholáthar don Aire ar leordhóthanacht Acmhainní an Gharda Síochána roimh phróiseas Meastachán 2019 | Bainte Amach | Cuireadh comhairle ar fáil in Iúil 2018 |
| | <ul style="list-style-type: none"> Anailís ar Mheastacháin 2019 d'fhaisnéis an Údaráis faoi Nollaig 2018 | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | <ul style="list-style-type: none"> Páipéar faisnéise ar Mheastacháin 2019 don Gharda Síochána | Ar bun - tugtha anonn chuig 2019 lena chríochnú | Tá páipéar á ullmhú chun athbhreithniú a sholáthar ar chaiteachas 2018 i gcomhar le sonraí Mheastachán 2019 don Gharda Síochána |

Aguisín 2 – Athbhreithniú ar 2018

Bronnann an tÚdarás luach ar mhaoirseacht an Gharda Síochána trí chuntasacht a leagan go comhsheasmhach ar Choimisinéir an Gharda Síochána agus an Garda Síochána ar bhealach trédhearcach. Baineadh seo amach in 2018 trí rannpháirtíocht dhaingean ar leibhéal Údaráis agus Coiste araon, trí phróisis oibiachtúla cheapacháin, anailís neamhchlaonta a dhéanamh ar athbhreithnithe agus beartas an Gharda Síochána, fianaise a sholáthar go neamhspleách faoi fheidhmíocht póilíneachta agus go bhfuil feabhas leanúnach ar an bpóilíneacht in Éirinn á chur chun cinn. Áiríodh leis na príomhthéamaí faoin obair seo cáilíocht sonraí, maoirseacht agus torthaí a sholáthar.

Cruinnithe

In 2018, sholáthair cruinnithe an Údaráis agus an Choiste timpeallacht thábhachtach chun dúshlán a chur faoin gCoimisinéir agus faoi bhainistíocht shinsearach an Garda Síochána chun feabhas a chur ar phóilíneacht agus eagraíocht an Gharda Síochána eagraíocht in 2018. I gcaitheamh na bliana, chuathas i ngleic le roinnt saincheisteanna suntasacha ar leibhéal Coiste agus Údaráis araon. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh in 2019.

- 44** Cruinnithe Foirmiúla leis an nGarda Síochána
- 15** Cruinnithe an Údaráis
- 5** Cruinnithe an Údaráis go Poiblí
- 29** Cruinnithe Coistí




| | |
|---|---|
| Athbhreithniú ar dhúnbhású | Cinntíodh go raibh an próiseas athbhreithnithe trédhearcach trí é a choimeád ar an gclár i gcaitheamh na bliana i gcruinnithe go príobháideach agus go poiblí. Tacaíodh le cuntasacht trí fhreastal ar chruinnithe an ghrúpa athbhreithnithe lena dheimhniú gur léiríodh dearcthaí na gcomhaltáí go léir den ghrúpa i dtuairisciú príobháideach agus poiblí leis an Údarás. |
| Forbairt Eagraíochta agus Cumais | Tugadh faoi chlár fianaise agus rannpháirtíochta i gcaitheamh na bliana chun buntacú leis na tuarascálacha leis an Aire ar Athchóiriú an Gharda Síochána. Rinneadh cruinnithe ilghníomhaireachta a stiúradh i gcaitheamh na bliana lena chinntiú gur cuireadh díriú comhsheasmhach i bhfeidhm le feabhas a chur ar Phlean Lucht Saothair an Gharda Síochána agus ar phróisis ghaolmhara chun tacú le hacmhainní leordhóthanacha acmhainní daonna. |
| Éagsúlacht, Cuimsiú agus Idirchaidreamh an Gharda Síochána le Leanáí | Tugadh faoi roinnt cruinnithe go poiblí agus go príobháideach a bhí curtha ar an eolas ag idirchaidreamh le páirtithe leasmhara, taighde agus anailís inmheánach ar thuarascálacha agus cuairteanna ar shainaonaid, go háirithe Seirbhísí Cosanta agus d'Íospartaigh. |
| Cód Eitice | Leanadh le hidirchaidreamh a dhéanamh le Coimisinéir an Gharda Síochána maidir le hoiliúint ar an gCód Eitice a thabhairt isteach, an líon daoine a shínigh an dearbhú don Chód Eitice agus eitic a shuíomh go comhsheasmhach i gcroílár bheartais agus chleachtas phóilíneachta na heagraíochta. |
| An Clár Athstíurtha Óige | Lorgaíodh soiléiriú a bhaineann le méid na n-atreoruithe ógánach faoi athbhreithniú an Gharda Síochána atá ar bun faoi láthair, toradh an athbhreithnithe, chomh maith leis na bearta a ghlac an Eagraíocht lena chinntiú nach dtarlaíonn na fadhbanna a sainaitníodh arís. |

Saincheisteanna Suntasacha a ndeachthas i ngleic leo

Idirchaidreamh

Rinne an tÚdarás a idirchaidreamh agus a idirghníomhú le príomhpháirtithe leasmhara a fhairsingiú in 2018. Tugtar chun solais ar an léarscáil fairsinge idirghníomhú an Údaráis le sainaonaid an Gharda Síochána, Gardaí agus Comhchoistí Póilíneachta (CCPanna). Chuir an t-idirchaidreamh seo réimse níos fairsinge ar fáil dúinn de pheirspictíochtaí agus eispéiris ar an bpóilíneacht a chabhraigh le hobair mhaoirseachta a léiriú agus le heolas breise a sholáthar dó.



Feidhmíocht Póilíneachta

Tá an Plean Póilíneachta reachtúil i gcoílár na maoirseachta a dhéanann an tÚdarás ar fheidhmíocht an Gharda Síochána. Ta obair mhaoirseachta an Údaráis i dtaobh feidhmíocht a mheasúnú in aghaidh an phlean ionrach, seasmhach agus tugtar faoi go trédhearcach agus go poiblí, go minic. Déanann sé tionchar fheidhmíocht an Gharda Síochána a thomhas agus díriú ar thorthaí agus mhuinín an phobail as na Gardaí.

Rinne an tÚdarás forbairt bhreise ar a chumas chun feidhmíocht a léiriú in 2018 faoi mar a léirítear sa réimse agus líon idirchaidrimh le sainaonaid, cuairteanna a tugadh ar an láithreacha agus stáisiúin agus an t-idirchaidreamh méadaithe le páirtithe leasmhara. Chur an tÚdarás tuarascáil leathbhliana le chéile in 2018, ina leagtar amach a bhreathnóireacht agus an measúnú a rinne sé ar fheidhmíocht póilíneachta atá in ainm is cur le trédhearcacht a oibre maoirseachta.



Ceapacháin

- Ainmníodh iarrthóir leis an Rialtas lena cheapadh le post Choimisinéir an Gharda Síochána den chéad uair;
- Tugadh faoi chomórtais roghnúcháin le daoine a cheapadh chuig céim Ard-Cheannfoirt agus Cheannfoirt;
- Faomhadh 126 post foirne sa Gharda Síochána; agus
- Rinneadh 42 ceapachán le post comhaltaí agus foirne

| Rank / Grade | No. Appointed |
|------------------------|---------------|
| Assistant Commissioner | 1 |
| Executive Director | 1 |
| Chief Superintendent | 7 |
| Principal Officer | 8 |
| Superintendent | 25 |
| TOTAL | 42 |

Tuarascálacha

D'fhoilsigh an tÚdarás Póilíneachta 10 dtuarascáil inar cuireadh i láthair obair mhaoirseachta an Údaráis mar seo a leanas:

- 3 mheasúnú ar dhul chun cinn Athchóiriú an Gharda Síochána;
- Measúnú lárbhliana ar an dul chun cinn a rinneadh in aghaidh an Phlean Póilíneachta;
- Tuarascáil leis an Aire ar Thuarascáil Choimisiún Fennelly;
- Tuarascáil leis an Aire ar éifeachtacht an Údaráis;
- 2 thuarascáil leis an Aire ar thuarascálacha Eatramhacha Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána maidir le Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána;

Faisnéis faoin Eagraíocht



Aguisín 3 – Staitisticí Iomaíochta do Cheapacháin shinsearacha sa Gharda Síochána in 2018

| Iomaíocht Roghnúcháin: Ard-Cheannfort 2018 | | | | | |
|--|-----------------------|----------------|-----------------------|------------------------------|-----------------------|
| De réir céime | Líon na nIarratasóirí | De réir inscne | Líon na nIarratasóirí | De réir Eagraíocht Fostaithe | Líon na nIarratasóirí |
| Ceannfort | 69 | Fir | 68 | An Garda Síochána | 73 |
| Céimenna eile | 6 | Mná | 7 | An PSNI | 2 |
| Iomlán | 75 | Iomlán | 75 | Iomlán | 75 |

| Iomaíocht Roghnúcháin: Ceannfort 2018 | | | | | |
|---------------------------------------|-----------------------|----------------|-----------------------|------------------------------|-----------------------|
| De réir céime | Líon na nIarratasóirí | De réir inscne | Líon na nIarratasóirí | De réir Eagraíocht Fostaithe | Líon na nIarratasóirí |
| Cigire | 59 | Fir | 50 | An Garda Síochána | 57 |
| | | Mná | 9 | An PSNI | 2 |
| Iomlán | 59 | Iomlán | 59 | Iomlán | 59 |

| 2018 Painéil a bunaíodh agus Cheapacháin | | | |
|--|-------------------------------------|--|-------------------------|
| Céim | Líon na n-Iarrthóirí ar an bPainéal | Líon na n-Iarrthóirí a ceapadh(amhail an 31/12/18) | Dáta Éagtha an Phainéil |
| Ard-Cheannfort | 12 | 0 | 19/11/19 |
| Ceannfort | 30 | 12 | 25/07/19 |


Aguisín 4 – Tuarascáil Airgeadais Achomair 2018

Cuirtear achoimre ar chaiteachas in 2018¹¹ ar Vóta an Údaráis i láthair sa tábla thíos.

| Achoimre Airgeadais do Vóta an Údaráis Phóilíneachta 2018 | | |
|---|------------------------------------|--------------|
| Fotheideal | Suim a soláthraíodh sa Mheastachán | Caiteachas |
| | €000 | €000 |
| A.1. (i) Tuarastail, Pá agus Liúntais | | |
| Tuarastail, etc. | 2,147 | 1,772 |
| Ragobair | 0 | 0 |
| Iomlán A.1. (i) | 2,147 | 1,772 |
| A.2. (ii) Taisteal agus Cothabháil | | |
| 1. Taisteal agus Cothabháil | 50 | 34 |
| 2. Astaíochtaí Aerthaistil a Sheach-Chuireann Íocaíocht | 0 | 0 |
| Iomlán A.2. (ii) | 50 | 34 |
| A.2. (iii) Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha | | |
| 1. Oiliúint agus Forbairt Foirne | 85 | 59 |
| 2. Caidreamh Poiblí agus Fógraíocht | 65 | 0 |
| 3. Cruinnithe Poiblí | 40 | 25 |
| 4. Foilseacháin, Tuarascálacha, Tréimhseacháin etc. | 20 | 16 |
| 5. Siamsaíocht | 10 | 15 |
| 6. Ilghnéitheach | 310 | 156 |
| 7. Táillí agus Costais Chomhaltaí | 215 | 173 |
| Iomlán A.2. (iii) | 745 | 444 |
| A.2. (iv) Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | 10 | 1 |
| Seirbhísí Poist | 40 | 11 |
| Teileachumarsáid | 50 | 12 |
| Iomlán A.2. (iv) | | |
| A.2. (v) Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF | | |
| 1. Ríomhairí etc. (Reatha) | 105 | 108 |
| 2. Innealra agus Páipéarachas Oifige | 20 | 8 |
| Iomlán A.2. (v) | 125 | 116 |
| A.2. (vi) Costais Áitreabh na hOifige | | |
| 1. Cothabháil | 19 | 34 |
| 2. Téamh, Solas agus Breosla | 36 | 23 |
| 3. Troscán agus Feistis | 75 | 1 |
| Iomlán A.2. (vi) | 130 | 58 |
| A.2. (vii) Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe Beartais | 100 | 4 |
| Caiteachas Iomlán | 3,347 | 2,440 |
| Iúide B. Leithreasáí i gCabhair | 61 | 66 |
| Tobhach Pinsi | | |
| Glancaiteachas | 3,286 | 2,374 |

¹¹ Faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Aguisín 5 – Struchtúr Eagraíochta



Aguisín 6 – Ráiteas an Chathaoirigh ar Rialú Inmheánach

Aithním an fhreagracht atá ar an tÚdarás as an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Ní féidir le haon chóras den chineál sin ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán, a thabhairt in aghaidh earráid ábhartha. Ar na rudaí eile a chuirtear san áireamh nuair a dhéanann an tÚdarás measúnú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, tugann an tÚdarás aird mar is cuí ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus rinneadh gach iarracht ó bunaíodh an tÚdarás, agus le linn 2018, cloí le riachtanais an Chóid sa mhéid a bhaineann le gníomhaireacht bheag neamhspleách neamhthráchtála.

Tá na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm, atá in ainm is rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar, curtha in oiriúint i gcomhréir le méid agus castacht na heagraíochta agus i gcomhréir le cineál an Údaráis atá ag teacht chun cinn i rith a thríú bliain de bheith ag feidhmiú. Sa chomhthéacs seo, tugaim faoi deara gur chostais a bhain le pá cuid mhór de chaiteachas an Údaráis in 2018 a riar an Lárionad um Sheirbhísí Comhroinnte Párola san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (an ONSC) agus bíonn siad faoi réir na gcóras rialaithe inmheánach, dá bharr, iniúchadh inmheánach san áireamh, atá i bhfeidhm san eagraíochtaí sin. Tugann an ONSC faoi sheirbhísí eile Acmhainní Daonna, TFC agus próiseála idirbhearta airgeadais thar ceann an Údaráis agus na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Chuaigh an tÚdarás i mbun beart lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chúil rialaithe i bhfeidhm tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Deighilt shoiléir a dhéanamh foirmiúil idir feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis agus na Feidhmeannachta;
- Riachtanais rialta tuairiscithe a leagan amach maidir le ceisteanna airgeadais, riosca agus rialachais;
- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhunú;
- Cód lompair do chomhaltaí agus d'fhoireann an Údaráis a bhunú agus a fhoilsiú;
- A chinntiú go bhfuil na scileanna agus an taithí chúil ag an bhfoireann; agus
- Tabhairt faoi chultúr agus luachanna láidre a bhunú, a spreagann ardchaighdeán d'iompar eiticiúil ar fud na heagraíochta.

I rith 20, rinne an tÚdarás forbairtí suntasacha ar a chóras bainistíochta riosca chun rioscaí gnó a shainnithint agus chun meastóireacht a dhéanamh ar a n-impleachtaí. Cuireadh Beartas cuimsitheach Bainistíochta Riosca agus Ráiteas Inghlacthachta Riosca i bhfeidhm, ceapadh Príomhoifigeach Riosca agus rinneadh formáid agus ábhar chlár rioscaí an Údaráis clár a athbhreithniú agus a nuashonrú. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca maoirseacht ar oibriú an chórais Bhainistíochta Riosca. Buannarra is riosca ag cruinnithe míosúla an Údaráis ina ndéantar athbhreithniú ar an tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca, ina ndéantar monatóireacht ar ardrioscaí agus gníomhartha maolaithe agus ina dtéitear i ngleic le riosca i gcomhthéacs chinntí uile suntasacha an Údaráis.

I measc na nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh, tá:

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile cúig huairé in 2018. Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste faoi bhráid an Údaráis i Márta 2018 agus tá sé ar fáil lena léamh ar láithreán gréasáin an Údaráis. Táim sásta gur chomhlíonadh an Coiste a ról go cuí i rith na bliana.

Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an tÚdarás athbhreithniú ar an Ráiteas seo lena chinntiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse tuairiscithe.

Tacaíonn athbhreithniú ar an gcóras rialuithe inmheánacha leis an measúnú seo, faoinar thug an soláthraí Iniúcháireachta Inmheánaí in Eanáir 2018.

Rialuithe Airgeadais agus Bainistíochta

Tá srianta chúil airgeadais i bhfeidhm agus déantar iad a dhoiciméadú, nósanna imeachta airgeadais,

deighilt na ndualgas, maoirseacht chuí, teorainneacha údaraithe agus faofa, próisis chuntasaíochta, rialú ar shócmhainní fisiceacha agus athbhreithniú bainistíochta ina measc.

Tá córais bhuiséadaithe agus mhonatóireachta iomchuí i bhfeidhm bunaithe ar thaifid airgeadais atá á gcoimeád ag na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi Chomhaontú Seirbhíse Comhroinnte. Fuarthas dearbhú ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne go bhfuil na córais agus na rialuithe inmheánacha a bhaineann leo leordhóthanach. Tá córais bhreise oibríochtúla chun bainistíocht a dhéanamh ar fhaisnéis ag an Údarás i bhfeidhm nó á bhforbairt ar aon dul le gníomhaíochtaí agus riachtanais ghnó.

Comhlíonann an tÚdarás rialacha agus treoirlínte ábhartha reatha de réir mar a leag an Oifig um Sholáthar Rialtais amach iad.

Rinne Iniúchóireacht Inmheánach athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha i mí Eanáir 2018.


Iniúchóireacht Inmheánach

Bunaíodh feidhm iniúchóireachta inmheánaí don Údarás in Eanáir 2017 i ndiaidh próiseas soláthair chun an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a sheachfhoinsiú. Cuireadh conradh i bhfeidhm le Crowley's DFK in Eanáir 2017 ar feadh tréimhse trí bliana faoi Chairt Iniúchóireachta Inmheánaí. Cuireadh ceithre iniúchadh inmheánacha ar bun in 2018 anuas ar athbhreithniú ar éifeachtacht agus rialú in Eanáir 2019.

Nuair a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais Rialaithe Inmheánaigh, braitheadh ar an méid seo a leanas:

- An phleanáil iniúchóireachta rioscabhunaithe de chuid Iniúchóireacht Inmheánach faoinar tugadh in 2018, agus tuarascálacha gaolmhara iniúchóireachta inmheánaí, go háirithe an t-athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha faoinar tugadh in Eanáir 2019;
- tuarascálacha agus athbhreithnithe bainistíochta, ar an dul chun cinn a rinneadh i dtaobh moltaí iniúchóireachta, tosaíochtaí corparáideacha agus gníomhartha Údaráis a chur i bhfeidhm;
- Clár Rioscaí an Údaráis;
- An obair faoinar thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- Tuarascáil an ARCC ar an iniúchadh a rinne siad ar an gCuntas Leithreasa; agus
- Dearbhuithe ó eagraíochtaí seachtracha ar seachfhoinsíodh feidhmeanna chucu, an méid seo a leanas ina measc:
 - Ón Ard-Rúnaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
 - Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
 - Ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le TFC; agus
 - Ón an ONSC maidir le Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla a sholáthar.

Déanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánach, lena n-áirítear an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, mar chuid den iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa le comhlíonadh an Údaráis a chinntiú maidir le riachtanais alt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an eolas atá acu óna gcuid obair iniúchóireachta.



Josephine Feehily
Cathaoirleach
28 Márta 2019

Aguisín 7 – Úsáid Fuinnimh in 2018

Úsáid Fuinnimh a Bhainistiú

Tá an tÚdarás Póilíneachta suite ar urlár amháin d'fhoirgneamh cúig urlár ag 90 Sráid an Rí Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Tá méadú tagtha ar líon na bhfostaithe i rith 2018, agus bhí 32 ball foirne ann an 31 Nollaig 2018.

Tá ídiú fuinnimh an Údaráis san áireamh sa tuarascáil bhliantúil a chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Gníomhartha faoinar tugadh in 2018

Tá an tÚdarás Póilíneachta fós ag tabhairt faoi úsáid fuinnimh a laghdú trína chinntiú go múchtar an trealamh leictreach agus an soilsiú go léir ar scor gnó gach lá.

Ghlac an tÚdarás Póilíneachta páirt san fheachtas “Step Up!” leis an bhfoireann a spreagadh chun an staighre a úsáid in ionad an ardaitheora, nuair is féidir.

Ag Dul i dTeagmháil leis an Údarás Póilíneachta

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Póilíneachta:

Tríd an bPost: An tÚdarás Póilíneachta
An 4ú hUrlár
90 Sráid an Rí Thuaidh
Baile Átha Cliath 7
D07 N7CV

Ar an teileafón: +353 1 858 9090

Tríd an ríomhphost: info@policingauthority.ie

Ar an láithreán gréasáin: www.policingauthority.ie

